



Ollscoil na hÉireann
National University of Ireland

49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2
Guthán: (+353 1) 439 2424;
Facs: (+353 1) 439 2466;
Ríomhphost: registrar@nui.ie;
Suíomh gréasáin: www.nui.ie

FÉILIRE

Comóradh Céad Bliain OÉ, 2008

Praghas: € 15.00



Ollscoil na hÉireann
National University of Ireland

NA COMH-OLLSCOILEANNA

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Guthán: (+353 1) 7167777
www.ucd.ie

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
Guthán: (+353 21) 4903000/4276871
www.ucc.ie

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Guthán: (+353 91) 524411
www.nuig.ie

Coláiste d'Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Coláiste San Aingeal, Sligeach
Guthán: (+353 71) 452433
www.stangelas.com

Ollscoil na hÉireann, Má Nuad
Guthán: (+353 1) 6285222
www.nuim.ie

NA COLÁISTÍ AITHEANTA

Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn
Guthán: (+353 1) 4022100
www.rcsi.ie

Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha
Guthán: (+353 1) 6364200
www.ncad.ie

Coláiste Ósta na Sionna
Guthán: (+353 61) 712213
www.shannoncollege.com

An Foras Riaracháin
Guthán: (+353 1) 2403600
www.ipa.ie

Institiúid Diagachta agus Fealsúnachta Bhaile an Mhuilinn
Guthán: (+353 1 277 6300)
www.milltown-institute.ie

Séanadh

Is mar threoir eolais amháin a chuirtear ábhar an leabhair seo ar fáil. Cé go ndéantar gach iarracht agus ábhar á ullmhú lena fhoilsiú ní ghlacann Ollscoil na hÉireann aon fhreagracht maidir le haon earráid, easnamh nó ráiteas mithreorach sna leathanaigh seo.

CLÁR NA N-ÁBHAR

LEATHANACH

	Armas na hOllscoile	5
	Brollach	6
Caibidil 1	Stair na hOllscoile agus a cuid Institiúidí	9
	1845 - 1908	10
	1908 - 2008	10
	Na Comh-Ollscoileanna	10
	Na Coláistí Aitheanta	12
	Na Coláistí Aitheanta Roimhe Seo	14
	Comóradh Céad Bliain Ollscoil na hÉireann	14
Caibidil II	Údaráis na hOllscoile	15
	An Seansailéir	16
	An Leas-Seansailéir	16
	Na Leas-Leas-Seansailéirí	16
	An Seanad	16
	Comhdhéanamh an tSeanad	17
	Ballraíocht an tSeanad	17
	Coistí an tSeanad	18
	Cruinnithe an tSeanad, an Bhuanchoiste agus an Choiste	
	Airgeadais le linn 2008	19
	Comhghairm	19
	Cumhachtaí Comhghairme	19
	Oifigigh Comhghairme	20
Caibidil III	Oifigigh na hOllscoile agus a cuid Institiúidí	21
	Oifigigh OÉ	22
	Oifigigh na gComh-Ollscoileanna	22
	Oifigigh na gColáiste Aitheanta	22
Caibidil IV	Lár-Oifig OÉ, Uimhir 49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2	23
	Uimhir 49 Cearnóg Mhuirfean	25
	Foireann Lár-Oifig OÉ	26
Caibidil V	Toghcháin á Riaradh ag OÉ	27
	Toghchán Sheanad Éireann agus Clár Sheanad Éireann	28
	Toghchán na Comhghairme	28
Caibidil VI	Cáilíochtaí OÉ	31
	Ginearálta	32
	Céimeanna Ard-Doctúireachta Bronnta ar Shaothar Foilsithe	32
	Céimeanna Doctúireachta Oinigh agus Céimeanna PhD	33
Caibidil VII	Ollúna agus Léachtóirí Ceaptha ag OÉ	
	agus	
	Scrúdaitheoirí Seachtracha OÉ	35
Caibidil VIII	Seirbhísí OÉ ar fáil ó Oifig OÉ	37
	Seirbhísí do Chéimithe	38
	Seirbhísí Eile	38
Caibidil IX	Gradaim agus Bronntanais OÉ	39
	Réamhrá	40
	Gradaim á dTairiscint 2008	40

	Gradaim an Chéid 2008	40
	Comhaltachtaí Iarchéime 2008	40
	Gradaim Iarchéime 2008	40
	Gradaim Fhochéime 2008	42
	Gradaim Eile do Chéimithe	45
Caibidil X	Foilseacháin OÉ	47
	Scéim Foilseacháin OÉ	48
	Deontais d'Fhoilseacháin Scolártha	48
	<i>Éigse A Journal of Irish Studies</i>	48
	Léachtaí O'Donnell	48
	Foilseacháin Eile OÉ	48
	Clár Sheanad Éireann	48
	Féilire OÉ	49
	Gradaim OÉ	49
	Riachtanais Íosta Iontrála Acadúla agus Clárúcháin (Máithreánach)	49
	Foilseacháin an Chéid	49
Caibidil XI	Feistias Acadúil OÉ	51
Aguisíní		55
Aguisín 1	Ócáidí an Chéid OÉ	56
Aguisín 2	An Seanad 1908 - 2008	60
Aguisín 3	Oifigigh na Comhghairme 1910 - 2008	85
Aguisín 4	Céimithe Dochtúireachta Oinigh a Bronnadh 1908 - 2008	85
Aguisín 5	Céimeanna Ard-Dochtúireachta a Bronnadh ar Shaothar Foilsithe 1911 - 2008	104
Aguisín 6	Buaiteoirí na Staidéarachtaí Taistil agus na nDuaiseanna Staidéarachta Taistil 1910 - 2008	111
Aguisín 7	Buaiteoirí Sparánachta OÉ 1930 - 2005	128
Aguisín 8	Buaiteoirí Dhuais Thairde Staire na hÉireann 1922 - 2008	132
Aguisín 9	Léachtaí O'Donnell Foilsithe 1957 - 2008	134
Aguisín 10	Ionadaithe Tofa Sheanad Éireann OÉ 1938 - 2008	135
Aguisín 11	Céimeanna Dochtúireachta Oinigh an Chéid OÉ a Bronnadh 2008	137
Aguisín 12	Buaiteoirí Ghradaim OÉ 2008	137
Aguisín 13	Céimeanna PhD a Bronnadh in Institiúidí OÉ 2008	140

ARMAS NA hOLLSCOILE



Léiríonn an mana á iompar ar an scrolla os cionn na sciatha:

VERITATI (*i. don FHÍRINNE*)
an **AIDHM** lena bhfuil an Ollscoile tiomanta.

Léiríonn an mana faoi bhun na sciatha sa Ghaeilge:

FÍR FER (*i. FÍRINNE AN FHIR*)
an **CHAOI**.

B'é seo seandúshlán an niachais, san seanlaethanta, a d'éiligh agus a bheannaigh cothroime iomlán i ngach iarracht.

BROLLACH

Chríochnaigh Ollscoil na hÉireann, a bunaíodh sa bhliain 1908, bliain de cheiliúradh an chéid i 2008. Ollscoil fheidearálach is ea OÉ, institiúid shuntasach náisiúnta, a bhfuil a cuid éabhlóide thar céad bliain anuas ina scáthán ar na hathruithe a tharla i dtraidisiúin agus i gcultúr na hÉireann. Níos tábhachtaí fós, bhí ról tábhachtach ag OÉ i bhforbairt an ardoideachais ó bunaíodh í, agus tá meas náisiúnta agus idirnáisiúnta ar 'bhranda' an OÉ, atá go coitianta ag na comh-institiúidí uilig.

Bunaíodh Ollscoil na hÉireann faoi Acht Ollscoileanna na hÉireann 1908 leis an Seanad ina Bhord Rialaithe. Rinneadh an Ollscoil a athstruchtúrú faoi Acht na nOllscoileanna 1997 agus cuimsíonn anois, de bhreis ar an ollscoil bhunaíodh, ceithre chomh-ollscoil uathrialach nasctha i struchtúr comhfheidearálach. Faoina Cairt, tá cumhacht ag an Ollscoil aitheantas a bhronnadh ar institiúidí ardoideachais agus faoi láthair tá cúig choláiste aitheanta den Ollscoil áit a mbronnar cáilíochtaí OÉ. Is í an Ollscoil ina hiomláine an eilimint is mó i gcóras ollscoile na hÉireann. Faoi Acht 1997, rinneadh Seanad OÉ athbhunú agus leathnaigh an bhallraíocht, a léiríonn athstruchtúrú na hOllscoile.

Bunaíodh Ollscoil na hÉireann mar fhreagra ar 'cheist ollscoile na hÉireann' a bhí mar cheann de mhórcheisteanna polaitíochta na hÉireann sa naoú céad déag. Céad bliain i ndiaidh a bhunaithe, ní mór breathnú ar bhunú na hOllscoile fheidearálaigh mar bhua suntasach. Tá an OÉ féin athraithe, go háirithe ó 1997 i leith, agus leanann sé de chion luachmhar a dhéanamh dá hinstiúidí, ag feidhmiú mar fhóram lámach don ollscoil fheidearálach, ag cothú an deachlú atá aige go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus ag soláthar seirbhísí lámacha dos na Comh-Ollscoileanna agus dos na Coláistí Aitheanta.

Tá sé suntasach gur cuireadh tús le ceiliúradh an chéid i Nollaig na bliana 2007 nuair a seoladh trí fhóilseachán nua de ÉIGSE A Journal of Irish Studies, toisc gurb é ceann de phríomhfheidhmeanna OÉ ná tacú le cothú an Léinn Ceiltigh – teanga, litríocht, stair agus oidhreacht chultúrtha na hÉireann – arna léiriú in aghaidh na bliana i ngradaim OÉ ag gach leibhéal, ach go háirithe i gComhaltachtaí Iar-Dochtúra an Chéid agus na Duaiseanna Foilsitheoireachta Acadúla a bronnadh anuraidh.

Tá taifead leanúnach tugtha ag Féilire OÉ ar feadh 100 bliain le heolas mionsonrach ar chónaidhm OÉ, ag leagan amach stair, struchtúr agus feidhmeanna Ollscoil na hÉireann. Ina theannta sin tugann an Féilire taifead do ghach bliain d'oifigigh na gComh-Ollscoileanna agus na gColáistí Aitheanta, ballraíocht agus cruinnithe an tSeanaid agus a fhochoistí. Déanann sé taifead ar chéimeanna dochtúra oinigh bronnata ag OÉ agus ag na Comh-Ollscoileanna, céimeanna dochtúra bronnata ar shaothar foilsithe, céimeanna PhD a bronnadh agus teidil na dtráchtas PhD.

Díríonn eagrán reatha an Fhéilire ach go háirithe ar ghné an chéid agus déanann suntas de thaifid staire lena n-áirítear liostaí iomlána de na Seansailéirí, Leas- agus Leas-Leas-Seansailéirí uilig, Comhaltaí den Seanad 1908 - 2008, faighteoirí Chéimeanna Dochtúra Oinigh 1908 - 2008, faighteoirí Chéimeanna Ard-Dochtúra ar Shaothar Foilsithe 1908 - 2008, buaiteoirí Staidéarachtaí Taistil agus Duais Staidéarachta Taistil 1910 - 2008, ionadaithe tofa OÉ i Seanad Éireann 1938 - 2008, agus buaiteoirí Duais Staire na hÉireann 1922 - 2008.

Sa bhliain tosaigh seo de mo sheansailéireacht agus den chéad nua d'OÉ, tapaím an deis chun na tuairimí a luaigh mé ar mo thoghchán a athrá – is mór an onóir dom cinnte a bheith tofa i mo Sheansailéir ar Ollscoil na hÉireann agus teacht i gcomharbacht ar na daoine mór le rá a chuaigh romham. An tArdeaspag William Walsh, Éamon de Valera, Ken Whitaker agus Garret FitzGerald – gach duine díobh a thug clú agus cáil don oifig agus don Ollscoil.

Le fírinne an scéil tá cion tairbhe OÉ d'Éire an lae inniu suntasach agus substaintiúil agus ba mhórghné é i gcruthú an Stáit nua Éireannach, na céimithe go mór chun tosaigh sa pholaitíocht, sa riarachán, sa ghnó, sna gairmeacha, san oideachas, sna healaíona agus sa chultúr. Leanfaidh fíis OÉ ag díriú ar thacú agus cur leis an ollscoil fheidearálach, agus ar cheannaireacht ar phróiseas an athraithe ar bhealach a bhfuil meas aige ar luachanna agus misean traidisiúnta OÉ agus ag cinntiú go bhfanann OÉ bainteach agus dearfach de réir mar atá aghaidh á thabhairt ar na dúshláin in earnáil oideachais agus i sochaí atá ag athrú go tapa.




Maurice Manning, MA DLitt
Seansailéir, Ollscoil na hÉireann



*Maurice Manning MA DLitt:
tofa 12ú Márta 2009*

SEANSAILÉIRÍ OÉ, 1908 - 2008



*Garret FitzGerald, BA,
PhD, BL, MRIA: 1997-2009*



*Thomas K (Ken) Whitaker,
DEconSc: 1976-1997*



*Eamon de Valera, BA BSc
LLD PhD ScD FRC:
1921-1975*



*William J. Walsh, DD
(Archbishop of Dublin):
1908 -1921*

CAIBIDIL I

**STAIR NA hOLLSCOILE AGUS A CUID
INSTITIÚDÍ**

STAIR NA hOLLSCOILE AGUS A CUID INSTITIÚIDÍ

1845 - 1908

Bhunaigh Acht Choláiste na Ríona 1845 trí Choláiste na Ríona i gCorcaigh, Gaillimh agus Béal Feirste. Osclaíodh na coláistí seo do mhúinteoireacht sa bhliain 1849, agus sa bhliain 1850 nascadh iad le chéile in Ollscoil na Ríona na hÉireann, bunaithe le Cairt Ríoga. Cháin Athscript de chuid an Phápa, 1847 na Coláistí na Ríona mar 'díobhálach don reiligiún', agus mhol d'easpag na hÉireann go mbunófaí Ollscoil Chaitliceach, de mhúlna na Lováine. Rinne Forógra Shionóid Dhurlas Éile in 1850 an cáineadh a athrá agus ghlac leis an moladh. Ar 12 Samhain 1851, ceapadh John Henry Newman ina chéad Reachtair ar an Ollscoil Chaitliceach, a bhunaigh sé i mBaile Átha Cliath, i gcomhair le hEaspag na hÉireann. Thug an tAcht um Oideachais Ollscoile (Éire), 1879 soláthar do bhunús Ollscoile nua in Éirinn, ar ar tugadh Ollscoil Ríoga na hÉireann ina dhiaidh sin, a raibh a scrúduithe ar oscailt d'iarthóirí uilig, cibé ar fhreastal siad ar léachtaí an Choláiste nó nár fhreastal. Bronnadh Cairt na hOllscoile Ríoga ar 27 Aibreán 1880, agus scriosadh Ollscoil na Ríona ar 3 Feabhra 1882. Lean Coláistí na Ríona i gCorcaigh, Gaillimh agus Béal Feirste mar a bunaíodh iad in Acht 1845, ach ní raibh aon stádas speisialta acu maidir leis an Ollscoil Ríoga, nó aon pháirt i bhfírinne le cruthú a pholasaí nó leagan amach a cúrsaí.

1908 - 2008

Bhunaigh Acht Ollscoileanna na hÉireann, 1908, a ritheadh ar 1 Lúnasa 1908, dhá ollscoil nua - Ollscoil na hÉireann, agus Ollscoil na Ríona, Béal Feirste. Tháinig Ollscoil na hÉireann i bhfeidhm go hiomlán ón 31 Deireadh Fómhair 1909, in ionad na hOllscoile Ríoga. Faoina Cairt, a bronnadh ar 2 Nollaig 1908, deineadh ollscoil feidearálach d'Ollscoil na hÉireann, lena hionad i mBaile Átha Cliath, agus trí Chomh-Choláiste: An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile Corcaigh agus Coláiste na hOllscoile Gaillimh - Coláiste na Ríona, Corcaigh agus Coláiste na Ríona, Gaillimh mar a bhí ar an dá cheann deiridh seo. (Tá téacs na Cairte agus na gCairteanna Tánaisteacha d'Ollscoil na hÉireann le fáil ar leathanaigh 103 agus 134 d'Fhéilire na hOllscoile 1940).

Faoi réir Achta 1908 bhí cumhacht ag an Ollscoil 'a thabhairt do mhic léinn máithreánaithe na hOllscoile, atá ag gabháil do chúrsa staidéir de chineál Ollscoile, faofa ag an Seanad in aon Choláiste Aitheanta in Éirinn, faoi mhúinteoirí aitheanta ag an Seanad, buntáiste aon phribhléidí de mhic léinn máithreánaithe na hOllscoile, atá ag gabháil do chúrsa staidéir ag an Ollscoil, lena n-áirítear an ceart le céim Ollscoile a bhaint amach'.

Tháinig Acht na nOllscoileanna, 1997, i bhfeidhm ar 16 Meitheamh 1997. Faoi réir fhorálacha in Alt (7), fo-alt (1) 'Ollscoileanna a bheidh sna Comh-Choláistí de bhua an ailt seo'.

Faoi Alt 7, fo-alt (2), beidh na hOllscoileanna a bhunaítear de bhua fho-alt (1) 'ina gComh-Ollscoileanna d'Ollscoil na hÉireann'. Faoi Alt 43, fo-alt (1) bunaíodh an Coláiste Aitheanta, Coláiste Phádraig Má Nuad mar Chomh-Ollscoil d'Ollscoil na hÉireann. Rinne an tAcht, inter alia, cumhachtaí agus feidhmeanna a chineadh ó Sheanad OÉ dos na ceithre Comh-Ollscoileanna, Cairt OÉ a leasú maidir le ballraíocht an tSeanad, agus forálacha a leagan amach maidir leis an ngaol idir na Comh-Ollscoileanna agus Ollscoil na hÉireann.

NA COMH-OLLSCOILEANNA

Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

Bhunaigh Ciarlathas na hÉireann Ollscoil Chaitliceach na hÉireann sa bhliain 1851 le John Henry Newman mar chéad reachtaire sa bhliain 1854. Thosaigh léachtaí ar an 3 Samhain, 1854 i nDámhanna na Diagachta, Fealsúnachta agus Litríochta i bhfoirgnimh ar Fhaiche Stiabhna. Bliain ina dhiaidh sin ar Shráid Cecilia, thosaigh léachtaí i nDámh an Leighis.

Thug bunú na hOllscoile Ríoga deis chun feabhas a chur ar staid na mac léinn sa Ollscoil Chaitliceach, nach raibh céimeann aitheanta ollscoile ar fáil dóibh go dtí sin. Bhunaigh an tAcht um Oideachais Ollscoile (Éire) , 1879, Ollscoil Ríoga na hÉireann mar fhoras scrúdúcháin. Leag an Scoil Leighis ar Shráid Cecilia mar Scoil Leighis na hOllscoile Caitlicigh agus eagraíodh na Dámhanna eile, bunaithe i dTeach Phádraig (anois Teach Newman), Faiche Stiabhna, mar An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, faoi stiúir na níosánach.

Bhunaigh Acht Ollscoileanna na hÉireann (1908) Ollscoil na hÉireann, leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath mar Chomh-Choláiste, agus bronnadh an Chairt ar an 2 Nollaig, 1908. Deineadh cuid den Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath de Scoil Leighis na hOllscoile Caitlicigh. Aistríodh foirgnimh Ardán Earlsfort a bhíodh in úsáid ag an Ollscoil Ríoga go dtí An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, a fuair seilbh ar Choláiste Ríoga na hEolaíochta i Sráid Mhuirfean Uachtarach sa 1926.

Sa bhliain 1934, ceannáidh Teach Belfield agus a thailte máguaird chun ionad spóirt agus páirceanna imeartha a sholáthar agus, sa tréimhse ó 1949 i leith, tá seilbh rialta ag an gColáiste ar réadmhaoinne éagsúla eile taobh leis. Mar thoradh ar Choimisiún Rialtais ar Riachtanais Cóiríochta Chomh-Choláistí Ollscoil na hÉireann, ghlac Dáil Éireann le moladh go mbofáí An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath go dtí suíomh Belfield.

Faoi Acht na nOllscoileanna, 1997, athdheineadh An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath mar Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath. I Samhain na bliana 1998, athraíodh an t-ainm sin ar Ordú an Aire go dtí Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath - Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath (de gnáth, COBAC).

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Faoi réir fhorálacha 'Acht 8 agus 9 Victoria, cap. 66', 1845, (An Act to enable Her Majesty to endow new Colleges for the Advancement of Learning in Ireland), bunaíodh trí Choláistí Bhéal Feirste, Chorcaí agus na Gaillimhe ar an 30 Nollaig 1845. Chum 'Bord na gColáistí Ríona' reachtanna agus córas oideachais le leanúint sna Coláistí. Osclaíodh Coláiste na Ríona Corcaigh, Coláiste na Ríona Gaillimh agus Coláiste na Ríona Béal Feirste do mhic léinn ar an 30 Deireadh Fómhair, 1849.

Bunaíodh Ollscoil na Ríona in Éirinn sa bhliain 1850, agus bhí soláthar sa Chairt go mbeadh cumhacht ag an Seanad cibé céimeanna agus gradaim a bhronntar i gcoláistí agus ollscoileanna eile sa Bhreatain agus in Éirinn a bhronnadh ar mhic léinn Choláistí na Ríona i mBéal Feirste, Corcaigh agus Gaillimh.

Sa bhliain 1879 bhí soláthar san Acht Oideachais Ollscoile (Éire) do bhunú Ollscoile nua in Éirinn. Bronnadh an Chairt don Ollscoil nua, ar a tugadh an Ollscoil Ríoga, ar an 27 Aibreán 1882, agus cuireadh deireadh le hOllscoil na Ríona ar an 3 Feabhra 1882.

Faoi réir fhorálacha Acht Ollscoileanna na hÉireann, 1908, bunaíodh dhá Ollscoil nua - Ollscoil na hÉireann agus Ollscoil na Ríona, Béal Feirste; D'athraigh ainm Choláiste na Ríona, Corcaigh go Coláiste na hOllscoile, Comh-Choláiste d'Ollscoil na hÉireann. Eisíodh Cairt nua don Choláiste ar an 2 Nollaig, 1908. Cuireadh deireadh leis an Ollscoil Ríoga ar an 31 Deireadh Fómhair 1909.

Faoi Acht na nOllscoileanna Act 1997 deineadh Coláiste na hOllscoile a athbhunú mar Ollscoil na hÉireann, Corcaigh. I Samhain na bliana 1998, athraíodh an t-ainm seo le hOrdú an Aire go dtí Coláiste na hOllscoile, Corcaigh - Ollscoil na hÉireann, Corcaigh (de gnáth, COC).

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Sa bhliain 1845 a bunaíodh an Ollscoil, nó Queen's College Galway mar a tugadh uirthi ag an am. Ceann de thrí Choláiste na Ríona a bhí inti a bunaíodh faoi fhorálacha Act 8 and 9 Victoria, cap. 66, dar teideal "An Act to enable her Majesty to endow new Colleges for the Advancement of Learning in Ireland" (gearrtheideal: The Queen's Colleges (Ireland) Act, 1845). I mBéal Feirste agus i gCorcaigh a bhí an dá Choláiste eile. Ar 30 Nollaig, 1845, eisíodh Litreacha Paitinne á corprú faoin teideal "The President, Vice-President and Professors of Queens College Galway." Thosaigh na céad Mic Léinn ar an gColáiste ar 30 Deireadh Fómhair, 1849. Uachtaráin agus Leas-Uachtaráin trí Choláiste na Ríona a bhí ina mBord Gobharnóirí go dtí an bhliain 1850, tráth ar bunaíodh Ollscoil na Ríona. Socraíodh, faoin University Education (Ireland) Act, 1879, go mbunófaí an Ollscoil Ríoga agus go scoirfí Ollscoil na Ríona dhá bhliain ó dháta Chairt na hOllscoile Ríoga. Rinneadh Céimithe agus Mic Léinn de chuid na hOllscoile Ríoga de Chéimithe agus de Mhic Léinn Mháithreánaithe Choláiste na Ríona, agus iadsan a bhí ina nOllúna i gColáistí na Ríona ag an am fágadh ina nOllúna Ollscoile iad. Eisíodh Cairt na hOllscoile Ríoga ar 27 Aibreán, 1880 agus scoireadh Ollscoil na Ríona ar 3 Feabhra, 1882.

Scoireadh an Ollscoil Ríoga sa bhliain 1909 faoin Irish Universities Act, 1908 agus bunaíodh dhá Ollscoil nua: Ollscoil na Ríona, Béal Feirste (Coláiste na Ríona, Béal Feirste mar a bhí roimhe sin) agus Ollscoil na hÉireann, Ollscoil chónascach lonnaithe i mBaile Átha Cliath le trí Chomhcholáiste (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus Coláiste na

hOllscoile, Gaillimh). Eisíodh Cairt nua don Choláiste ar 20 Nollaig, 1908 a d'athraigh ainm an Choláiste go Coláiste na hOllscoile, Gaillimh. Sa bhliain 1929, d'achtaigh Oireachtas Éireann Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe, 1929. Faoi fhorálacha Acht na nOllscoileanna, 1997 (a tháinig i bhfeidhm ar 16 Meitheamh, 1997), athbhunaíodh Coláiste na hOllscoile, Gaillimh mar Ollscoil, faoin teideal Ollscoil na hÉireann, Gaillimh/National University of Ireland, Galway agus rinneadh Comhollscoil d'Ollscoil na hÉireann di. Don chéad uair riamh i stair fheidhreach OÉ, tháinig Comh-Ollscoil agus foras oideachas neamhspleách ar chomhaontú inar ceapadh Coláiste San Aingeal, Sligeach (Coláiste Oideachais San Aingeal, Sligeach mar a bhí - Coláiste Aitheanta d'OÉ) mar Choláiste de OÉ, Gaillimh le feidhm ón 1 Eanáir 2006.

Coláiste den Chomh-Ollscoil, OÉ Gaillimh; Coláiste San Aingeal, Sligeach

Bhunaigh Aontas Ursalach na hÉireann sa bhliain 1952 mar choláiste oiliúna do mhúinteoirí eacnamaíocht bhaile, agus sa bhliain 2003 ainmníodh é mar an t-aon lárionad náisiúnta d'oiliúint mhúinteoirí Eacnamaíocht Bhaile. Faoi láthair cuireann an Coláiste clár ar fáil ag leibhéal an Bhaitsiléara, na Máistreachta, Ard-Teastais agus Diplóma i réimse de chúrsaí ó Oideachas go hAltranas. Freisin cuireann an Coláiste cúrsa Access ar fáil dóibh siúd atá faoi mhíbhuntáiste shocheanamaíochta agus comhoibríonn sé i soláthar an chlár BA i Staidéir Eacnamaíochta agus Sóisialta de chuid OÉ, Gaillimh. Cláraítear mic léinn Choláiste San Aingeal mar mhic léinn in OÉ, Gaillimh agus is í an Ollscoil a bhronnann a gcéimeanna agus cáilíochtaí eile.

Tugadh stádas mar Choláiste Aitheanta de chuid OÉ do Choláiste San Aingeal sa bhliain 1978, agus mhair an stádas sin go deireadh na bliana 2005. I gComhaontú stairiúil idir an Coláiste agus OÉ, Gaillimh, le feidhm ón 1 Eanáir 2006, deineadh Coláiste San Aingeal a athbhunú mar Choláiste den Chomh-Ollscoil, OÉ, Gaillimh. Fanfaidh na struchtúir rialaithe atá sa chúrsaíocht mar atá faoin gComhaontú agus bunaíodh comh-bhord chun an forfheidhmiú a stiúradh, lena n-áirítear úsáid chomhalartach d'áiseanna leabharlainne, teicneolaíochta agus eile sa dá fhoras.

Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Tháinig Ollscoil na hÉireann, Má Nuad ar an saol ar 16 Meitheamh 1997 de bhua Acht na nOllscoileanna, 1997. Tá bunús na hOllscoile go díreach i gColáiste Phádraig, a bunaíodh sa bhliain 1795. Sa bhliain 1910 ainmníodh Coláiste Phádraig, trína Dhámhanna Ealaíne, Eolaíochta, Fealsúnachta agus Léinn Ceiltigh mar Choláiste Aitheanta d'Ollscoil na hÉireann agus choinnigh sé an stádas sin go dtí 1997 nuair a aistríodh an Coláiste Aitheanta mar a bhí agus a dhámhanna isteach sa Chomh-Ollscoil, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad. Maireann Coláiste Phádraig mar eintiteas dleathach ann féin, ina bhfuil an Chliarscoil Náisiúnta agus Ollscoil Phontaifiúil le Dámhanna an Dí Canónta, Fealsúnachta agus Diagachta. Tá campas ar leith ag Ollscoil na hÉireann, Má Nuad ó thuaidh de bhóthar Chill Coca-Má Nuad agus leanann sé de spás a roinnt ar champas bunaidh Choláiste Phádraig.

NA COLÁISTÍ AITHEANTA

Tá Coiste Stiúrtha bunaithe ag an Seanad do ghach Coláiste Aitheanta, ina bhfuil ionadaithe ó OÉ, ón gComh-Ollscoil trinar deineadh an t-iarraitas ar aitheantas a mheas, agus an Coláiste Aitheanta cuí. Is é cuspóir an Choiste Stiúrtha ná fóram a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar na nithe acadúla éagsúla a bhíonn ann idir an Coláiste Aitheanta agus an Ollscoil agus chun iarraitais a phróiseáil maidir le cúrsaí nua a thabhairt isteach agus nithe eile a bhaineann. Ceapann an Seanad Scrúdaitheoirí Seachtracha i gColáistí Aitheanta agus, freisin, ceaptar ionadaithe na hOllscoile chun páirt a ghlacadh i scrúduithe i gColáistí Aitheanta.

Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn (aitheantas bronnta 14 Iúil 1977)

Bunaíodh Coláiste Ríoga Máinlianna na hÉireann i 1784 le Cairt Ríoga ón Rí Seoirse III, chun oideachas a thabhairt do mháinlianna a hoileadh scartha ó lianna ag an am. I ndiaidh 1886, nascadh oiliúint na máinliann agus na lianna, agus thosaigh an Coláiste ar dhochtúirí a oiliúint ian Scoil Leighis. Le tamall de bhlianta anuas tá an Coláiste forbartha mar mhór-Scoil Leighis idirnáisiúnta. Cuirtear cúrsaí bunchéime ar fáil sa Leigheas, Altranas, Fisiteiripe agus Gogaisíocht agus tá staidéir iarchéime ar fáil i réimse d'ábhair leighis lena n-áirítear Ainéistíse, Raideolaíocht agus Fiaclóireacht. Sa bhliain 1977 deineadh Coláiste Aitheanta d'Ollscoil na hÉireann de Scoil Leighis Choláiste Ríoga Máinlianna na hÉireann.

Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (aitheantas bronnta 1 Iúil 1996)

Bunaíodh an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, Baile Átha Cliath sa bhliain 1746 mar 'a little academy for drawing and painting' a thacú ag Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath. Sa bhliain 1924 tháinig an Coláiste faoi rialú na Roinne Oideachais. Ó 1936 tugadh 'An Coláiste Náisiúnta Ealaíne'

air, agus d'eisigh sé a Dhiplómaí féin; i 1971 athbhunaíodh an Coláiste le hAcht Oireachtais, nuair a cuireadh roinnt mhaith dá fheidhmeanna faoi bhord ceaptha ag an Aire Oideachais. I mí Iúil 1996, an bhliain inar chomóir an coláiste dhá céad caoga bliain, bhronn Seanad Ollscoil na hÉireann stádas mar Choláiste Aitheanta ar an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha. Cuireann an Coláiste clár céime agus iarchéime in Oideachas Ealaíne agus Deartha, Mínealaíon agus réimse de dhisciplíní Deartha. I Meán Fómhair na bliana 1999 tugadh isteach na céad mic léinn ag clárú do chúrsaí staidéir de chuid Ollscoil na hÉireann. Bhog an Coláiste go foirgneamh i Sráid Thomáis, Baile Átha Cliath i 1980. I Iúil na bliana 1998, osclaíodh Scoil nua Deartha agus Tionsclaíochta ar champas Shráid Thomáis, a chuir gníomhaíochtaí uilig an Choláiste in aon suíomh amháin.

Coláiste Ósta na Sionna (aitheantas bronnta 9 Samhain 2000)

Bhunaigh an Dr. Brendan O'Regan Coláiste Ósta na Sionna sa bhliain 1951 chun bainisteoirí a oiliúint do thionscál óstaíochta na hÉireann. Ó shin tá gradam bainte amach aige mar an Choláiste Ósta is fearr in Éirinn agus tá cáil idirnáisiúnta bainte amach aige. Tá clú an Choláiste fasta agus leatnaithe ar fud an domhain. Creideann an Coláiste gur cuid lárnach í an taithí tionsclaíochta ag leibhéal oibríúcháin, maoirseoireachta agus oiliúnaithe san oiliúint do bhainistíocht. Ar chomhthábhacht, tá forbairt an eolais ar thairge, scoileanna gnó agus líofacht i dteangacha iasachta. Tá na heilimintí seo múnlaíthe le chéile go cúramach i gColáiste na Sionna chun an cúrsa Diplóma i mBainistíocht Óstáin Idirnáisiúnta a dhéanamh.

Tá sé d'aidhm ag an gColáiste i bhfad níos mó ná eolas a thabhairt. Tá dlúthphobal ann a spreagann oiliúint ar leibhéal pearsanta, á thacú ag léachtóirí ar cuairt ó phríomhollscoileanna na hÉireann. Toisc go bhfuil sé beag agus go bhfuil coibhneas íseal idir líon na mac léinn agus líon na léachtóirí, tá sé in ann díriú ar fhorbairt phearsanta agus ar fhorbairt bainistíocht agus mothúchán araíonachta agus córas de luachanna feidhmiúcháin a chothú. Áit shona agus chairdiúil is ea an Coláiste inar féidir le foireann agus mic léinn, laistigh de thimpeallacht rialaithe, idirghníomhú chun na leasanna oideachais agus bainistíochta a mhéadú. Thug an Seanad stádas mar Choláiste Aitheanta do Choláiste Ósta na Sionna i Samhain na bliana 2000.

An Foras Riaracháin (aitheantas bronnta 16 Eanáir 2001)

Tháinig an Foras Riaracháin ar an saol mar thoradh ar phlé a rinne grúpa de státseirbhísh sinsearacha a chonaic go raibh gá le hoideachas gairmiúil do bhaill den earnáil phoiblí in Éirinn agus d'anailís agus measúnú oilte ar cheapadh beartais poiblí na hÉireann. Fostaithe clúiteacha sa tséirbhís phoiblí ab ea bunaitheoirí an Forais Riaracháin. Bhí duine díobh siúd a shínigh Airteagail agus Meabhrán Comhlachais an Forais Riaracháin, an Dr Garret FitzGerald, atá anois ina Sheansailéir ar OÉ, ina Thaoiseach ina dhiaidh sin. Mar thoradh ar an bplé seo, bunaíodh eagrais foirmiúil, An Foras Riaracháin, sa bhliain 1957. Deineadh cuideachta faoi theorainn ráthaíochta de sa bhliain 1963 agus is eagrais deonach neamhbhrabúis é.

Is é an Foras Riaracháin an t-aon eagrais in Éirinn a chuireann réimse chuimsitheach de sheirbhísí ar fáil i riarachán poiblí – i dtaighde, oideachas, oiliúint agus foilseacháin. Ón tús, ba mhian leis an bhForas Riaracháin deachleachtas a bhaint amach. Thug comhaltai sinsearacha den fhoireann cuairt ar École Nationale D'Administration i bPáras le staidéar a dhéanamh ar a mhodhanna agus na cúiseanna atá lena thionchar iontach mór ar ardleibhéil na státseirbhíse sa Fhrainc agus ar fud an tsaoil poiblí sa Fhrainc. Chun tionchar dá leithéid a chruthú ar earnáil phoiblí na hÉireann, bunaíodh Scoil Riaracháin Poiblí laistigh den Foras Riaracháin, a d'fhás ina Roinn Oideachais ar ball. Tugadh creidiúnú seachtarach do chlár bunchéime an Forais Riaracháin don chéad uair i 1982 agus dá chlár ag leibhéal iarchéime i 1994.

Deineadh Coláiste Aitheanta d'Ollscoil na hÉireann den bhForas Riaracháin sa bhliain 2001. Cuireann sé réimse de chlár páirtaimseartha bunchéime agus iarchéime ar fáil, ag díriú ar na disciplíní a bhaineann le tuiscint agus cleachtas na bainistíochta poiblí. Tréith ar leith de sholáthar oideachais an Forais Riaracháin is ea inrochtaine a chlár oideachais ar fad tré chianoideachas. Léiríú is ea é seo go raibh an Foras Riaracháin ina cheannródai ar Chianoideachas in Éirinn chun freastal ar riantanais na seirbhíse poiblí atá scaipthe ar fud na réigiún.

Institiúid Diagachta agus Fealsúnachta Bhaile an Mhuilinn (aitheantas bronnta 1 Meán Fómhair 2005)

Bunaíodh Institiúid Bhaile an Mhuilinn sa bhliain 1968 chun staidéar sa Diagacht agus san Fealsúnacht in Éirinn a chothú. D'fhorbraigh sí a cur chuige ar leith diagachta ag leibhéal na bunchéime, le béim ar dhéine fealsúnachta, cur chuige córasach, agus láimhseáil chuimsitheach

ar phríomhdisciplíní na diagachta. Faoi dheireadh na 1970í, bhí Baile an Mhuilinn ag leathnú amach, idir fhoireann agus mic léinn, chun reiligiúnach neamhchléireach agus tuataí, idir fhir agus mhná. Sa bhliain 1979 ceadaíodh clár Baitsiléara sa Diagacht (BD) Bhaile an Mhuilinn ag an gComhairle Clárúcháin do chúiseanna múinteoireachta.

Sa tréimhse ó 1984 go 1996, fuair clár oideachais Bhaile an Mhuilinn aitheantas ó réimse leathan d'údaráis: Comhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais (1989); Comhairle Clárúcháin na hÉireann (1991); an Lár-óifig Iontrála, 1993; an tAire Oideachais (do dheontais mic léinn) (1994); an Roinn Oideachais (do dheontais Ardoideachais) (1994).

I mí Bealtaine na bliana 1995, cuireadh cúrsaí na hInstitiúide bailíochtaithe ag CNCO san áireamh i dtionscnamh an Aire Oideachais do Saortháilí. An bhliain dar gcionn (1996), cheadaigh an Chomhairle Clárúcháin an BA san Fhealsúnacht agus sa Diagacht do chúiseanna múinteoireachta i meánscoil.

Idir Meán Fómhair 2000 agus 2005, d'fhorbraigh Baile an Mhuilinn a chlár sa Diagacht agus Spioradáltacht go leibhéal Máistreacht. Don chéad uair riamh, i rith na bliana acadúla 2003-04, bhog Institiúid Misinéireachta Chamaí a campas go Baile an Mhuilinn, ag tairiscint réimse leathan de Dhiplómaí agus Bunchéimeanna, agus clár Máistreachta iarchéime, i réimse na Diagachta agus na gCultúr. Sheol Institiúid Bhaile an Mhuilinn clár Dochtúireachta sa Mhinistreacht, i gcomhair le hOllscoil na Breataine Bige ag Lampeter, i Meán Fómhair na bliana 2005. In Aibreán na bliana 2005, tugadh aitheantas d'Institiúid Bhaile an Mhuilinn mar Choláiste Aitheanta d'Ollscoil na hÉireann.

Na Coláistí Aitheanta Roimhe Seo:

- | | |
|--|-------------|
| • Coláiste Phádraig, Má Nuad | 1910 - 1997 |
| • Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach | 1975 - 1994 |
| • Coláiste Oideachais na Trócaire, Dún an Chéirigh | 1975 - 1988 |
| • Coláiste Phádraig, Droim Conrach | 1975 - 1995 |
| • Institiúid Náisiúnta Ardoideachais, Luimneach | 1976 - 1977 |
| • Coláiste Oideachais Thuamhumhan, Luimneach | 1976 - 1977 |
| • Coláiste San Aingeal, Sligeach | 1978 - 2005 |
- (athbhunaithe mar Choláiste de chuid OÉ, Gaillimh ón 1 Eanáir 2006)

Comóradh Céad Bliain Ollscoil na hÉireann

Ollscoil chónaidhmeach is ea OÉ, foras náisiúnta sintasach a gcuimsíonn a stair forbairtí oideachais, traidisiúnta, cultúrtha agus polaitíochta in Éirinn le céad bliain anuas. Comóradh an céad le hócáidí ceiliúrtha cuí le linn na bliana 2008.

(Tá cur síos mion ar na hócáidí sin in Aguisín 1.)

CAIBIDIL II

ÚDARÁIS NA hOLLSCOILE

ÚDARÁIS NA hOLLSCOILE

Faoi réir fhorálacha Chairt Ollscoil na hÉireann, mar a leasaíodh ag Acht na nOllscoileanna, 1997 iad, is iad Údaráis na hOllscoile ná: an Seansailéir, an Leas-Seansailéir, na Leas-Leas-Seansailéirí, an Seanad agus an Chomhghairm.

An Seansailéir

Is é an Seansailéir ceann agus príomhoifigeach na hOllscoile. Bíonn an Seansailéir in oifig ar feadh a s(h)aoil nó go dtí go n-éiríonn sé/sí as. I mí Iúil na bliana 2008 d'fhógair an Dr Garret FitzGerald go mbeadh sé ag éirí as, le feidhm ó thoghchán a chomharba. Faoi réir Chairt agus Reachtanna OÉ, toghadh an Dr Maurice Manning ina Sheansailéir ar an Ollscoil le Comhghairm ar an 12ú Márta 2009.

An Leas-Seansailéir

Is é an Leas-Seansailéir príomhfheidhmeannach na hOllscoile. Sa bhliain 1914, chinn an Seanad go dtoghaí Uachtarán ar ghach ceann de na Comh-Choláistí ina Leas-Seansailéir, in uainíocht.

Leas-Seansailéir i 2008 agus 2009

Michael B. Murphy, MB BCH BAO, MD
Uachtarán, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Na Leas-Leas-Seansailéirí

Is féidir le Leas-Leas-Seansailéir feidhmiú mar Leas-Seansailéir nuair atá folúntas ann don oifig sin, agus feidhmiú ar son an Leas-Seansailéara nuair atá sé/sí as láthair.

Leas-Leas-Seansailéirí i 2008 agus 2009

Hugh Brady, MB BCh BAO, BSc, PhD, MD, FRCPI,
Uachtarán, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath-Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

lognáid Ó Muircheartaigh, MA, PhD,
Uachtarán, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (chuaigh ar scor an 5ú Márta 2008)

James J. Browne, BE, MEngSc, PhD (Manc), DSc (Manc), FIEI,
Uachtarán, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (ón 6ú Márta 2008)

John G. Hughes, BSc, PhD, FBCS,
Uachtarán, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

An Seanad

Faoi réir fhorálacha Chairt Ollscoil na hÉireann, tugtar 'An Seanad' ar Bhord Rialaithe na hOllscoile.

Cumhachtaí agus Feidhmeanna an tSeanad

Faoi réir fhorálacha Acht na nOllscoileanna Éireannacha 1908, Cairt Ollscoil na hÉireann, Reachtanna na hOllscoile agus Acht na nOllscoileanna 1997, cuirfidh an Seanad, mar Bhord Rialaithe na hOllscoile, cumhachtaí agus roghanna na hOllscoile i bhfeidhm agus rialóidh agus cinfidh gach ní a bhaineann leis an Ollscoil.

Sannaíonn Alt 47 d'Acht na nOllscoileanna, 1997, ('Gaol na gComh-Ollscoileanna le hOllscoil na hÉireann') na feidhmeanna seo ar leith don Seanad:- [aistriúchán neamhoifigiúil]

- (i) Cinfidh Seanad Ollscoil na hÉireann na bunriachtanais máthreánach (*) dos na Comh-Ollscoileanna agus is féidir le gach Ollscoil riachtanais bhreise a shannadh go ginearálta nó maidir le dámhanna ar leith san Ollscoil.
- (ii) Cuirfidh gach Comh-Ollscoil an Seanad ar an eolas maidir leis na cúrsaí a bhunaítear ó am go ham ag an Ollscoil sin agus is féidir leis an Seanad coiste a bhunú chun ábhar agus múineadh na gcúrsaí a athbhreithniú agus is féidir leis scrúdaitheoirí seachtracha a cheapadh chun cuidiú in aon athbhreithniú.
- (iii) Cuirfidh an Seanad torthaí ar aon athbhreithniú a dhéanann coiste in iúl don Ollscoil atá i gceist.

- (iv) Déanfaidh an Seanad cibé scrúdaitheoirí seachtracha agus cibé líon Scrúdaitheoirí Seachtracha a cheapadh do Chomh-Ollscoil, agus scrúdaitheoirí ceaptha chun críche fho-ailt (2) a mholfaidh an ollscoil sin ó am go ham agus is é an Seanad a chinnefidh feidhmeanna na scrúdaitheoirí seachtracha sin, le comthoilíú na hOllscoile.
- (v) Is céimeanna agus cáilíochtaí de chuid Ollscoil na hÉireann na céimeanna agus cáilíochtaí a bhronnfaidh Comh-Ollscoil agus is mar sin a shaineofar.
- (vi) Nuair a ceapadh Uachtarán nó aon fhostaí eile de Chomh-Choláiste ag Ollscoil na hÉireann, fanfaidh cumhachtaí agus feidhmeanna na hOllscoile sin maidir lena bhaint nó lena baint as oifig i bhfeidhm maidir leis an duine sin, d'ainneoin aon rud san Acht seo.'
- (* Tá sonraí iomlána ar riachtanais iomlána máithreánach OÉ leagtha síos i bhfoilseachán bliantúil Riachtanais Iosta Iontrála Acadúla agus Clárúcháin (Máithreánach), ar fáil ó OÉ.

Comhdhéanadh an tSeanaid

Faoi réir Ailt 45(2) d'Acht na nOllscoileanna, 1997, tá tríocha hocht comhalta den Seanad mar seo a leanas:

- (a) Seansailéir agus Cláraitheoir na hOllscoile agus Príomhoifigigh na gComh-Ollscoileanna
- (b) Ceathrar ainmnithe ag an Rialtas, beirt bhan agus beirt fhear
- (c) Ceathrar tofa ag gach ceann de:
 - An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath-Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath
 - Coláiste na hOllscoile, Corcaigh-Ollscoil na hÉireann, Corcaigh
 - Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
 - Ollscoil na hÉireann, Má Nuad
- (d) Ocht gcomhalta den Chomhghairm tofa ag Comhghairm, ceathrar ban agus ceathrar fear
- (e) Gan níos mó ná ceathrar comhthofa ina gComhaltaí den Seanad ag an Seanad, mar átá comhdhéanta ag na Comhaltaí mar a luaitear in (a), (b), (c) agus (d) thuas.

Ballraíocht an tSeanaid, 1 Samhain 2007 - 31 Deireadh Fómhair 2012 (* *ex-officio*)

*Seansailéir**

Garret FitzGerald BA, PhD, BL, MRIA (go dtí an 12 Márta 2009)
Maurice A. Manning, MA DLitt (tofa le Comhghairm, an 12 Márta 2009)

*Cláraitheoir**

Attracta Halpin, BA, MSc (Dub), MBA (Lond), LLD *jure officii*

*Príomhoifigigh na gComh-Ollscoileanna**

Hugh Brady, MB BCh BAO, BSC, PhD, MD, FRCPI
Uachtarán, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Michael B. Murphy, MB BCH BAO, MD
Uachtarán, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

lognáid Ó Muircheartaigh, MA, PhD
Uachtarán, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (chuaigh ar scor an 5 Márta 2008)

James J. Browne, BE, MEngSc, PhD (Manc), DSc (Manc), FIEI
Uachtarán, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (ón 6 Márta 2008 ar aghaidh)

John G. Hughes, BSc, PhD, FBCS
Uachtarán, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Ainmnithe ag an Rialtas:

Siobhan Corry
Cathy Honan, BComm
Philip Kearney, MFT, MSc
Benedict Reid, MA, MEd

Tofa ag an mBord Rialaithe, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath:

Maurice Boland, DSc, MAgrSc, PhD
J. Ronan Fanning, BA
J. Moore McDowell, BA, MA
Patrick M. Shannon, BSc, PhD

Tofa ag an mBord Rialaithe, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh:

Joe Gantly, BEng (Dub), MBA (a d'éag an 14 Bealtaine 2009)
Anita Maguire, BSc, PhD
Dermot F. O'Mahoney, FCCA, ACIS, DipA, QFA, FLIA
Norma Ryan, PhD

Tofa ag an mBord Rialaithe, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh:

James J. Browne, BE, MEngSc, PhD (Manc), DSc (Manc), FIEI (go dtí an 6 Márta 2008)
James J. Ward, BComm, MEconSc, DBA (George Washington University)
Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán (ón 6 Márta 2008)
James A. Houghton BSc (Liv), PhD (Liv), MFH
Pat Morgan, BSc, PhD
Patrick Reilly, BE (go dtí an 1 Aibreán 2009)
Hubert McDermott BA, HDipInEd, MA (ón 1 Aibreán 2009)

Tofa ag an mBord Rialaithe, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad:

Rosemary Monahan, BSc, MSc
David Redmond, MSc, PhD (Illinois)
Jim Walsh, BA, MA (McMaster), DLitt
Richard O. Watson, BSc, MSc, PhD

Tofa le Comhghairm, 11 Deireadh Fómhair 2007:

Cliona E De Bhaldrathe Marsh, BA, MA
Thomas John (Tommy) Francis, BA, HDip in Ed, MA (Lanc)
John Robert Hurley, BA, HDip in Ed
Maurice Manning, MA, DLitt (a toghadh ina Sheansailéir, an 12 Márta 2009)
Seán Ó Coileáin, BA, MA; AM, PhD (Harvard), MRIA
Mary O'Riordan, MB BCh BAO, DCH, FPC, MPH
Linda O'Shea-Farren, BCL
Bernadine O'Sullivan, BA, HDip in Ed.

Comhthofa:

Philip Nolan, MB BCh BAO, BSc, PhD, Cláraitheoir, An Coláiste Ollscoile, BÁC
Paul Giller, BSc (Lond), PhD (Lond) Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla,
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
Michael C. Horgan, BSc (Dub.) MIE, Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir, Coláiste Ríoga na
Máinleá in Éirinn
Mary Corcoran, PhD, OÉ, Má Nuad

I láthair:

Declan McGonagle, Stiúrthóir, Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha
Phillip Smyth, BA, MBA, Stiúrthóir, Coláiste Ósta na Sionna
John Cullen, BComm, DPA, Stiúrthóir, An Foras Riaracháin
Cornelius Casey CSsR, Uachtarán Gníomhach, Institiúid Baile an Mhuilinn

(Do liosta d'iar-chomhaltai an tSeanaid, féach Aguisin 2.)

Coistí an tSeanaid

Faoi réir Chairt OÉ, ceapfaidh an Seanad 'Buanchoiste agus aon Choistí eile as measc chomhaltai an tSeanaid, mar is cú leis an Seanad'.

Níos mó agus níos mó, chomh maith leis an mBuanchóiste agus an Coiste Airgeadais, tá cuid shuntasach d'obair an tSeanaid á dhéanamh ar son an tSeanaid ag Coistí lena n-áirítear: Coiste na gClárúitheoirí, Coiste na bhFoilseachán, Coiste na gCéimeanna ar Shaothar Foilsithe agus Coiste Stiúrtha na gColáistí Aitheanta.

An Buanchoiste, 2007 - 2012

Ceapadh na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí den Buanchoiste, chomh maith leis na Comhaltaí *ex-officio*, le bheith in oifig ó Samhain 2007 go Deireadh Fómhair 2012:

Philip Nolan, BSc, MB BCh BAO, PhD
 Paul Giller, BSc (Lond) PhD (Lond)
 James J. Ward, BComm, MEconSc, DBA (George Washington University)
 David Redmond, BSc, MSc, PhD (Illinois)
 Cliona de Bhaldráithe Marsh, BA, MA
 Anita Maguire, BSc, PhD
 Jim Houghton, BSc, PhD
 Jim Walsh, BA, MA (McMaster), DLitt
 Cathy Honan, BSc

An Coiste Airgeadais, 2007 - 2012

Chomh maith le Comhaltaí an Buanchoiste, ceapadh na daoine seo a leanas ina gComhaltaí den Choiste Airgeadais, le bheith in oifig ó Samhain 2007 go Deireadh Fómhair 2012:

J. Moore McDowell, BA, MA
 Dermot J. O'Mahoney
 Pat Morgan, BSc, PhD
 Richard Watson, BSc, MSc, PhD
 Linda O'Shea Farren, BCL

Cruinnithe an tSeanaid, an Buanchoiste agus an Choiste Airgeadais le linn 2008

DÁTA	CRUINNÍÚ
Déardaoin 17 Eanáir 2008	An Buanchoiste An Coiste Airgeadais An Seanad
Déardaoin 3 Aibreán 2008	An Buanchoiste An Coiste Airgeadais An Seanad
Déardaoin 3 Iúil 2008	An Buanchoiste An Coiste Airgeadais An Seanad
Déardaoin 6 Samhain 2008	An Buanchoiste An Coiste Airgeadais An Seanad
Dé Céadaoin 3 Nollaig 2008	Bronnadh Céime Oinigh an Chéid

Comhghairm

Séard atá sa Chomhghairm ná an Seansailéir, an Leas-Seansailéir, Comhaltaí an tSeanaid, Ollúna, Léachtóirí agus céimithe na hOllscoile.

Cumhachtaí na Comhghairme

Duine a thoghadh mar Sheansailéir ar an Ollscoil i gcomharbacht ar an Seansailéir reatha nó aon Seansailéir ina dhiaidh sin;

A Cathairleach féin a thoghadh a bheidh i dteideal, agus an Seansailéir as láthair, a bheidh i gceannas ar a cruinnithe;

Ochtar dá comhaltaí a thoghadh mar ionadaithe sa Seanad;

Tuairim a phlé agus a fhógairt ar aon ní ar bith a bhaineann leis an Ollscoil, lena n-áirítear aon ní a chuireann an Seanad faoina bhráid;

Rialacháin a dhéanamh ó am go ham lena himeachtaí a rialú, faoi réir fhorálacha na Cairte agus na Reachtanna, agus Rialachán na hOllscoile;

Aighneachtaí a dhéanamh don Seanad ar aon ní a bhaineann leis an Ollscoil.

Oifigigh na Comhghairme

Cathaoirleach: Linda O'Shea Farren, BCL

Cléireach: Therese Madden, BSocSc MSocSc MSW MPhil

(D'Iar-oifigigh na Comhghairme, féach Aguisín 3.)

CAIBIDIL III

OIFIGH OÉ AGUS A CUID
INSTITIÚIDÍ

OIFIGIGH OLLSCOIL NA hÉIREANN

Seansailéir: Garret FitzGerald, BA PhD, BL, MRIA (go dtí an 12 Márta 2009)
Seansailéir: Maurice A. Manning, MA DLitt (ón 12 Márta 2009 i leith)

Leas-Seansailéir agus Leas-Leas-Seansailéirí: déantar uainíocht ar ról an Leas-Seansailéara i measc Uachtarán na gComh-Ollscoileanna, *ex officio*, ar bhonn dhá bhliain. (Féach Caibidil II).
Líonann gach duine den triúr Uachtarán eile, *ex officio*, ról an Leas-Leas-Seansailéara.

Cláraitheoir OÉ: Attracta Halpin, BA, MSc (Dub), MBA (Lond), LLD (*jure officii*)

OIFIGIGH NA gCOMH-OLLSCOILEANNA

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Uachtarán: Hugh Brady, MB BCH BAO BSc PhD MD FRCP
Cláraitheoir: Philip Nolan, BSc MB BCH BAO, PhD

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Uachtarán: Michael B. Murphy, MB BCH BAO, MD
Cláraitheoir: Paul Giller, BSc (Lond), PhD (Lond)

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Uachtarán: Iognáid Ó Muircheartaigh, MA, PhD (Glas) (chuaigh ar scor an 5 Márta 2008)
Uachtarán: James J. Browne, BE, MEngSc, PhD (Manc) DSc (Manc) FIEI (ón 6 Márta 2008 i leith)

Cláraitheoir: James J. Browne, BE, MEngSc, PhD (Manc) DSc (Manc) FIEI (go dtí an 5 Márta 2008)
Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán: James J. Ward, BComm, MEconSc, DBA (George Washington University) (ón 6 Márta)

Coláiste d'OÉ, Gaillimh: Coláiste San Aingeal, Sligeach

Uachtarán: Anne Taheny, BSc, PhD
Cláraitheoir: Declan Courell

Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Uachtarán: John Hughes, BSc (QUB), PhD (QUB)
Cláraitheoir: David Redmond, MSc PhD (Illinois)

OIFIGIGH NA gCOLÁISTÍ AITHEANTA

Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn

Cláraitheoir/Príomhfheidhmeannach: Michael Horgan, BSc (Dub), MIE

Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha

Stiúrthóir: Declan McGonagle
Cláraitheoir/Rúnaí: Kenneth Langan, BComm FCA

Coláiste Ósta na Sionna

Stiúrthóir: Phillip Smyth, BA MBA
Cláraitheoir: Kate O'Connell, DipFCHM MCIPD MSc

An Foras Riaracháin

Stiúrthóir: John Cullen, BComm DPA
Leas-Stiúrthóir: Michael Mulreany, MA PhD HDip in Ed

Institiúid Diagachta agus Fealsúnachta Bhaile an Mhuilinn

Uachtarán Gníomhach: Cornelius Casey, CSsR
Cláraitheoir Gníomhach: Anthony White, BA, HDip in Ed, PhD (Dub), BL (Kings Inns)

CAIBIDIL IV

LÁR-OIFIG OÉ, 49 CEARNÓG
MHUIRFEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2



‘Tógadh an teach seo sna 1790í. Cuireadh ar léas é trí Robert Way Harty de Prospect Hall sa bhliain 1818, a bhí ina Ardmhéara ar Bhaile Átha Cliath in 1831.’ Tá Lároifig Ollscoil na hÉireann lonnaithe in Uimhir 49, ar an dtaobh thoir de cheann de na cearnóga is cáiliúla i mBaile Átha Cliath, ó 1912 i leith. Suite mar atá ar Chearnóg Mhuirfean, tá an foirgneamh sainithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar fhoirgneamh liostaithe do chaomhnú i gcatagóir ‘Liosta 1’, ina bhfuil na foirgnimh stairiúla is fearr sa chathair.

I Seomraí an tSeanaid ar an gcéad urlár d’Uimhir 49 tá sraith de mhúrmhaisithe ón thús an naoiú céad déag. Sraith de phictiúir tírdhreacha sa stíl lodáileach atá ann, a chlúdaíonn na ballaí go hiomlán, ón dá dó anos. Tá fráma péinteáilte d’adhmaadóireacht aislingtheach dhearg mórtimpeall ar ghach múrmhaisiú . *‘D’ordaigh [Robert Way Harty]sraith de mhúrmhaisithe d’Uimhir 49 Cearnóg Mhuirfean, a léiríonn radharcanna lodáileacha tógtha ó ghreanadh de phictiúir ag Claude Lorraine, Salvatore Rosa, Rubens agus eile. Le chéile, cruthaíonn na múrmhaisithe seo taobh istigh rómánsúil usal agus faiseanta don seomra le cruth T....’*^{*} Ó tharla nach bhfuil aon fhianaise cáipéise ann, ní féidir lucht déanta na bpictiúr a chruthú. Mar sin féin, tá ardháilocht acu agus iad ar chomhchéim le sraith ar bith sna hoileáin seo. Mar thírdhreacha frámaíthe go haislingtheach níl a mhacasamhail le fáil i bhfoirgnimh Sheoirseacha Bhaile Átha Cliath, agus tá ordú caomhnaithe orthu freisin.

Ar an 6 Samhain 2001, d’oscail an Dr. Garret FitzGerald, Seansailéir na hOllscoile ag an am, síneadh nua ar Uimhir 49 Cearnóg Mhuirfean go hoifigiúil. Ina chuid cainte, dúirt an Dr. FitzGerald *‘... ó thaobh na hailtíreachta de, tá an foirgneamh nua [foirgneamh Phelan] go mór ag teacht lena thimpeallacht. Rinne ár n-ailtire an leagan Seoirseach a léiriú go híogair, tá dath na mbríci - rud a bhíonn go minic ag teacht salach sa stíl ath-Sheoirseach - saibhir agus modhnaithe, tá sonraí na ndoirse agus na bhfuinneog údarach agus ar an iomlán tá éifeacht chomhchuí agus comhlántach ann’.*

Tógadh an síneadh nua i gcomhairle le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus is é an chéad mhóratrú fisciúil ar Lároifig OÉ ó lonnaithe an ollscoil ann sa bhliain 1912. Dearadh an áis do shocrúithe beaga comhdhála, agus áirítear seomra nua do chruinnithe an tSeanaid, dhá sheomra cruinnithe eile, agus fosheirbhísí. Fuarthas maoiniú i bpáirt ar an Seomra nua Seanaid - ar a dtabharfar ‘Seomra Phelan’, ó thiomnacht ó eastát Edward J Phelan, iar-Stiúrthóir na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, agus Céimí Oinigh clúmhar de chuid na hOllscoile, agus a bhean Fernande. Luaigh an Seansailéir an dóchas a bhí aige go mbainfí úsáid as an síneadh, chomh maith le Cruinnithe an tSeanaid, mar *‘fhócas do réimse leathan de ghníomhaíochtaí ina bhfuil idirghníomhaíocht agus comhoibriú idir chomhghleacaithe ó Comh-Ollscoileanna agus Coláistí Aitheanta OÉ. Ó tharla go bhfuil suíomh iontach aige, anseo i lár Bhaile Átha Cliath Seoirseach, creidimid go mbeidh sé seo ina ionad tarraingteach agus úsáideach d’ócáidí agus searmanais éagsúla’.*

^{*} Dublin - A Grand Tour’: J. O’Brien agus D. Guinness; G Weidenfeld and Nicholson Ltd. Londain, 1994

FOIREANN LÁR-OIFIG OÉ

Cláraitheoir	Attracta Halpin, BA, MSc (Dub), MBA (Lond), LLD <i>jure officii</i>
Ceann Airgeadais & Riaracháin	Denis Dowling, FCCA (ón 10 Márta 2008 i leith)
Oifigigh Sinsearacha Riaracháin	Maria Walsh, BA, MSc (OU) (Oifigeach Sheirbhísi Ríomhaire) Nóirín Moynihan, BA, Dip Archival Studies, HDip in Ed Magdalen O'Connell, BA (Le Moyne), BL (King's Inns)
Oifigeach TF	Eric Lamb
Oifigigh Riaracháin	Ann Milner, DipCompSt Andrea Durnin, BA John Foley (Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta)
Cúntóirí Feidhmiúcháin Sinsearacha	Karyn O'Brien Gerry Penston
Cúntóirí Feidhmiúcháin	Audraí O'Driscoll (páirtaimseartha) Neil Brennan, BA, MA Maura Tierney, BA Maree MacHale, BA, HDip in Ed (páirtaimseartha)
Fáilteoir	Gerry Maher, BA
Freastalaí	Eddie Smyth

CAIBIDIL V

TOGHCHÁIN Á RIARADH AG OÉ

TOGHCHÁIN Á RIARADH AG OÉ

Tá OÉ freagrach as trí thoghchán a riaradh:

- Toghadh na dtrí h-ionadaí Sheanad Éireann tofa ag an toglach OÉ (céimithe OÉ – ach amháin céimithe oinigh – atá ina saoránaigh d'Éirinn agsu atá cláraithe chun vóta a chaitheamh);
- Seansailéir a thoghadh, nuair atá folúntas ann (tá na céimithe ar fad i dteideal vóta a chaitheamh, ach caithfidh siad iarratas a dhéanamh i scríbhinn le linn tréimhse an toghcháin)
- Ocht gcomhalta de Sheanad OÉ a thoghadh, gach cúig bliana (tá na céimithe ar fad i dteideal vóta a chaitheamh, ach caithfidh siad iarratas a dhéanamh i scríbhinn le linn tréimhse an toghcháin).

TOGHCHÁIN SHEANAD ÉIREANN

Is é an bunús dlí le toghcháin na hOllscoile do Sheanad Éireann ná Bunreacht na hÉireann, Alt 18(4) agus tá an reachtaíocht chuí ann in Achtanna Toghcháin an tSeanaid (Baill Ollscoile), 1937 - 2001. Bíonn toghchán do Sheanad Éireann ann laistigh de 90 lá de lánscoir Dháil Éireann, agus is vóta poist amháin é. Sa chás go mbíonn níos mó ná trí iarrthóir ainmnithe, eisítear páipéir vótála dos na céimithe cláraithe uilig.

Clár Sheanad Éireann

Déanann Ollscoil na hÉireann Clár an tSeanaid a nuashonrú in aghaidh na bliana, le foilsiú ar 1 Meitheamh gach bliain. Is féidir le céimithe d'Ollscoil na hÉireann, seachas céimithe oinigh, atá ina saoránaigh d'Éirinn agus a bhfuil aois ocht mbliana déag sroichte acu, clárú ag am ar bith, ach caithfidh siad a n-éileamh do chlárú a chur isteach faoin 26 Feabhra in aon bhliain tugtha le bheith iostaithe sa Chlár a fhoilseofar ar 1 Meitheamh na bliana sin (leasaithe in aghaidh na bliana).

Cuireann OÉ Foirmeacha Éilimh Clárúcháin dos na céimithe uilig nuair a bhronntar céimeanna sna Comh-Ollscoileanna agus na Coláistí Aitheanta. Tá Foirmeacha Éilimh Clárúcháin ar fáil freisin ó Oifigeach Clárúcháin OÉ, 49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, nó le hioslódáil ó shuíomh gréasáin OÉ, www.nui.ie.

Mar a éilíonn Alt 56 den Acht Toghcháin (Leasú), 2001, foilsíonn OÉ Clár Eagraithe. Is féidir Clár Eagraithe an tSeanaid a úsáid do chúiseanna seachas cúiseanna reachtaíochta, lena n-áirítear cúiseanna tráchtála.

Ionadaithe Sheanad Éireann (Toghcheantar OÉ) Tofa 2007:

Joseph J. (Joe) O'Toole, BA, HDip in Ed
Feargal Quinn, BComm
Rónán Mullen, BA

(Do liosta ionadaithe OÉ i Seanad Éireann, 1938 go dtí an t-am i láthair, féach Aguisin 10.)

TOGHCHÁIN NA COMHGHAIRME

Caithfidh OÉ, faoi Reachtanna na hOllscoile, Clár na Comhghairme a choinneáil, .i. Clár de Chéimithe Institiúidí OÉ ar fad. Tá gach céimí, agus comhaltaí eile na Comhghairme, i dteideal vóta a chaitheamh i gceachtar de thoghcháin na Comhghairme ach mar thoradh ar an méadú suntasach i líon na gcéimithe le blianta anuas, chinn an Seanad sa bhliain 1989 go mbeadh ar aon chomhalta den Chomhghairme a dteastaíonn uaidh/uaithe a vóta a chaitheamh, iarratas a dhéanamh i scríbhinn le linn tréimhse an toghcháin.

Toghchán Seansailéara:

Tarlaíonn toghchán Seansailéara nuair atá folúntas ann sa Seansailéireacht; an uair is déanaí a tharla seo ná nuair a d'fhógair an Dr Garret FitzGerald i mí Iúil go raibh sé ag éirí as; toghadh an Dr Maurice Manning ina Sheansailéir ag an gCruinniú Toghcháin Comhghairme ar an 12 Márta 2009.

Toghchán ocht gComhalta den Chomhghairm do Sheanad OÉ:

Bíonn toghchán ocht gcomhalta den Chomhghairm le Comhghairm mar Chomhaltaí de Sheanad OÉ gach cúig bliana. Faoi réir Acht na nOllscoileanna 1997, tá gá le cothromas inscne, sa chaoi is go gcaithfear ceathrar ban agus ceathrar fear a thoighadh as measc chomhaltaí na Comhghairme. Leasadh na reachtanna cuí ollscoile sa bhliain 1989 sa chaoi is go mbeidh ar aon chéimí atá ag iarraidh vótáil a i dtoghchán Comhghairme iarratas a dhéanamh i scríbhinn d'Ollscoil na hÉireann do pháipéar vótála.

Tofa le Comhghairm, an 11 Deireadh Fómhair 2007 don téarma oifige 1 Samhain 2007 – 31 Deireadh Fómhair 2012:

Clíona De Bhaldraithe Marsh, BA, MA

Tommy Francis, BA, HDip in Ed, MA (Lanc)

John Hurley, BA, HDip in Ed

Maurice Manning, MA, DLitt (a toghadh ina Sheansailéir an 12 Márta 2009)

Seán Ó Coileáin, BA, MA; AM, PhD (Harvard), MRIA

Mary O'Riordan, MB BCh BAO, DCH, FPC, MPH

Linda O'Shea Farren, BCL

Bernadine O'Sullivan, BA, HDip in Ed.

CAIBIDIL VI

CÁILÍOCHTAÍ OÉ

CÁILÍOCHTAÍ NA hOLLSCOILE

Ginearálta

Faoi réir Ailt 47(5) d'Acht na nOllscoileanna 1997, 'Is Céimeanna agus cáilíochtaí de chuid Ollscoil na hÉireann na céimeanna agus cáilíochtaí a bhronnfaidh na Comh-Ollscoileanna agus is mar sin a shaineofar'.

Dá réir sin, bronnann ceithre Comh-Ollscoileanna OÉ céimeanna (leibhéal na hArd-Dochtúireachta, na Dochtúireachta, na Máistreachta agus an Bhaisiléara), Dioplómaí (Dioplómaí Iarchéime, Ard-Dioplómaí. Dioplómaí) agus Teastais ar mhíic léinn a bhfuil cúrsaí staidéir críochnaithe acu agus ar éirigh leo sna scrúdúithe cuí nó, nuair is gá, a bhfuil cláir taighde críochnaithe acu.

Bronnann OÉ céimeanna uilig agus cáilíochtaí eile sna Coláistí Aitheanta, Céimeanna Ard-Dochtúireachta ar Saothar Foilsithe agus Céimeanna Oinigh.

Faoi Chairt OÉ, is féidir Céimeanna a bhronnadh freisin:

- i. ar dhaoine atá in oifig san Ollscoil;
- ii. ar chéimithe ollscoileanna eile a d'fhéadfadh an Ollscoil a cheadú do Chéimeanna de chaighdeán comhionann san Ollscoil;
- iii. ar mhíic léinn a bheidh tar éis taighde neamhspleách a dhéanamh san Ollscoil nó i gComh-Ollscoil;
- iv. ar dhaoine ceadaithe a roghnófar do Chéimeanna Oinigh.

Céimeanna Ard-Dochtúireachta Bronnta Ar Shaothar Foilsithe

Céimeanna ard-dochtúireachta is ea na céimeanna ar shaothar foilsithe a bhronnann Ollscoil na hÉireann agus is iad na cáilíochtaí is airde a bhronnann an Ollscoil. Bronntar iad ar scoláirí a bhfuil, thar tréimhse mharthanach, cnuasach suntasach de shaothar úrnua ag a bhfuil tionchar i réimse speisialtóireachta agus a bhfuil sárchlú bhainteach amach acu sa réimse sin go hidirnáisiúnta. De ghnáth, cuimseoidh an saothar foilsithe ailt i mór-irisí scoláireachta píar-mheasúnaithe idirnáisiúnta agus/nó leabhair foilsithe ag mórfhoilsitheoirí acadúla agus dáilithe go hidirnáisiúnta.

Is iad seo a leanas na céimeanna ar shaothar foilsithe a bhronnann OÉ:

Dochtúir sa Léann Ceilteach	DLittCelt
Dochtúir san Eolaíocht Eacnamaíochta	DEconSc
Dochtúir san Innealtóireacht	DEng
Dochtúir sa Litríocht	DLitt
Dochtúir sa Díl	LLD
Dochtúir sa Leigheas	DMed (MD mar a bhí)
Dochtúir sa Cheol	DMus
Dochtúir san Eolaíocht	DSc

Tá na céimeanna seo ar oscailt do chéimeanna Ollscoil na hÉireann agus comhaltaí foirne chomh-ollscoileanna agus choláistí aitheanta OÉ a bhfuil saothar foilsithe go forleathan acu agus a shásaíonn an critéirí chun ard-dochtúireacht a bhronnadh ar shaothar foilsithe. Tá céim an Dochtúra sa Leigheas teoranta do chéimithe leighis Ollscoil na hÉireann agus comhaltaí foirne na Scoileanna Leighis in OÉ.

Critéirí

Is iad na critéirí a rialaíonn bronnadh ardchéime Ollscoil na hÉireann ar shaothar foilsithe ná:

- go mbeidh cnuasach suntasach de shaothar foilsithe ag an iarrthóir, den ord scoláireachta is airde sa réimse atá i gceist, thar tréimhse mharthanach
 - go mbaineann an saothar atá le breathnú don chéim le sainréimse fiosruithe
 - gur chuir an saothar foilsithe, i dtuairim na scrúdaitheoirí, eolas nua suntasach leis an réimse atá i gceist
 - go bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leis an saothar agus, bunaithe ar an saothar foilsithe, gur féidir a mheas go bhfuil clú idirnáisiúnta bainte amach nó tuille ag an scoláire mar údarás sa réimse.
- (Is féidir *Degrees on Published Works: Regulations, Criteria, Guidelines and Application Procedures* a ioslódáil ag www.nui.ie/college/qualifications.asp)

(Tá liosta de Chéimeanna Ard-Dochtúireachta Bronnta Ar Shaothar Foilsithe 1910 - 2008 in Aguisín 5.)

Céimeanna Dochtúireachta Oinigh

Is féidir Céimeanna Dochtúireachta Oinigh sa liosta thuas (bronnata ar Shaothar Foilsithe) a bhronnadh mar Chéimeanna Oinigh freisin. Céimeanna Dochtúireachta Oinigh breise is ea Dochtúir sna hEalaíona, Dochtúir san Oideachas agus Dochtúir sna Minealaíona.

Faoi réir na Cairte, is féidir leis an OÉ Céimeanna Oinigh a bhronnadh de réir mar is mian. Tá na critéirí agus na socruithe do bhronnadh céimeanna oinigh ag Seanad OÉ leagtha amach i gcáipéis ar a dtugtar 'Honorary Degrees of the National University of Ireland' glactha ag an Seanad i Meán Fómhair na bliana 2007. Tá an cháipéis seo ar fáil ó OÉ nó is féidir í a íoslódáil ag www.nui.ie/college/qualifications.asp.

Bronnann gach ceann de na Comh-Ollscoileanna Céimeanna Oinigh Dochtúireachta agus Máistreachta faoi réir a ngnásanna féin freisin.

(Tá liosta na ndaoine a fuair Céimeanna Dochtúireachta Oinigh 1908 - 2008 in Aguisín 4. Tá faighteoirí na nDochtúireachtaí Oinigh an Chéid OÉ i liosta ar leith in Aguisín 11 freisin.)

Céimeanna PhD

Roimh 1997, bhronn OÉ céimeanna PhD, agus ó achtaíodh Acht na nOllscoileanna 1997 bhronn na Comh-Ollscoileanna iad agus bhronn OÉ iad sna Coláistí Aitheanta.

(Tá faighteoirí na gcéimeanna PhD liostaithe i bhFéilirí OÉ ó 1910 i leith; tá faighteoirí na bliana 2008 liostaithe in Aguisín 13.)

CAIBIDIL VII

**OLLÚNA AGUS LÉACHTÓIRÍ CEAPTHA
AG OÉ**

agus

SCRÚDAITHEOIRÍ SEACHTRACHA OÉ

OLLÚNA AGUS LÉACHTÓIRÍ CEAPTHA AG OÉ

Go dtí cruinniú an tSeanaid i mí Iúil 1997, agus an cruinniú sin san áireamh, cheap an Seanad Ollúna agus Léachtóirí Ollscoile na gComh-Ollscoileanna. Faoi Acht na nOllscoileanna, 1997, anois déantar ceapacháin sna ceithre Chomh-Ollscoileanna de chuid OÉ ag an n-údaráis rialaithe. Tá ainmneacha na nOllúna agus Léachtóirí Ollscoile de na Comh-Ollscoileanna ceaptha ag Seanad Ollscoil na hÉireann chomh fada le mí Iúil na bliana 1997 liostaithe i bhFéilirí Ollscoile foilsithe roimh Fhéilire na bliana 1998.

SCRÚDAITHEOIRÍ SEACHTRACHA OÉ

Reachtáiltear na Scrúduithe do Chéimeanna i ngach Comh-Ollscoil agus Coláiste Aitheanta ar leith, agus feidhmíonn na Scrúdaitheoirí Seachtracha mar Scrúdaitheoirí, i gcomhpháirt leis na hOllúna agus na Léachtóirí. Ó bunaíodh Ollscoil na hÉireann sa bhliain 1908, tá scrúdúchán seachtrach ina ghné lárnach de chóras na scrúduithe, agus ceapann an Seanad Scrúdaitheoirí Seachtracha in aghaidh na bliana, faoi réir Reachtanna OÉ.

Rinne Acht na nOllscoileanna, 1997 athstruchtúrú ar an Ollscoil, agus cruthaíodh ceithre Chomh-Ollscoil, cé gur caomhnaíodh nadúr feidearálach OÉ. Tá soláthar in Alt 47 den Acht le leanúnachas de chumhachtaí agus freagrachtaí an tSeanaid maidir le Scrúdaitheoirí Seachtracha a cheapadh:

47(4) "Déanfaidh an Seanad cibé scrúdaitheoirí seachtracha agus cibé líon Scrúdaitheoirí Seachtracha a cheapadh do Chomh-Ollscoil, agus scrúdaitheoirí ceaptha chun críche fho-ailt (2) a mholfaidh an ollscoil sin ó am go ham agus is é an Seanad a chinnefidh feidhmeanna na scrúdaitheoirí seachtracha sin, le comhthoilú na hollscoile". [aistriúchán neamhoifigiúil]

I gcomhthéacs Acht na nOllscoileanna 1997, chinn an Seanad sa bhliain 1998 go ndéanfaí athbhreithniú ar na gnéithe uilig den chóras le scrúdúchán seachtrach a dhéanamh in OÉ. Mar thoradh ar an athbhreithniú deineadh athruithe sna socruithe le Scrúdaitheoirí Seachtracha a cheapadh, a cheadaigh ceapachán de Scrúdaitheoirí Seachtracha éagsúla i ngach Comh-Ollscoil, nuair a moladh a leithéid. Tugadh isteach córas níos cuimsithí de thuariscíú don Ollscoil ag Scrúdaitheoirí Seachtracha chomh maith le beartais speisialta chun comparáideacht leanúnach de chéimeanna OÉ a chinntiú. D'athraigh téarma ceapacháin Scrúdaitheoirí Seachtracha ón bhliain fhéilire go bliain acadúil. Tá an polasaí leasaithe ar Scrúdaitheoirí Seachtracha ar fáil i gcáipéis ar Pholasaí Sheanad OÉ, eisithe i Meán Fómhair 1998: *Extern Examiners in the National University of Ireland*, a ndéantar athbhreithniú air in aghaidh na bliana.

CAIBIDIL VIII

SEIRBHÍSÍ AR FÁIL Ó OIFIG OÉ

SEIRBHÍSÍ DO CHÉIMITHE

Tá foráil in Alt 47(5) d'Acht na nOllscoileanna 1997 gur: Céimeanna agus cáilíochtaí de chuid Ollscoil na hÉireann na céimeanna agus cáilíochtaí a bhronnfaidh na Comh-Ollscoileanna agus is mar sin a shaineofar.

Chomh maith le teistiméireachtaí agus teastais bunaidh a sholáthar d'institiúidí OÉ, tugann OÉ seirbhísí cúltaca do chéimithe mar a luaitear thíos. Is féidir le céimí ar bith atá ar thóir aon cheann de na seirbhísí seo foirm iarratais a íoslódáil.

- **Deimhniú ar Chéimeanna/Dioplómaí**
Eisítear Céimeanna agus Dioplómaí as Laidin. Eisítear teastais a dheimhniú na gradaim seo as Béarla.
- **Dúblaigh**
Céimeann agus Dioplómaí (Laidin)
Teastais a Bronnadh (m.sh. Teastas Sláinte agus Sábháilteachta)
Teastas/Breith Máithreánaigh
- **Fíordheimhniú ar chóipeanna de cháipéisí oifigiúla**
Céimeanna, Dioplómaí, Teastais.
- **Cuardaigh Cartlainne**
Nuair is féidir, cuideoidh OÉ le daoine atá ag gabháil do thaighde maidir lena sinis a bhí ina gcéimithe de chuid na hollscoile, nó arb mic léinn máithreánaithe iad.
- **Fíordheimhniú Rúnda de Cháilíochtaí OÉ**
Tugann OÉ fíordheimhniú rúnda de cháilíochtaí chéimithe OÉ d'fhostóirí ionchasacha, ollscoileanna eile nó institiúidí oideachais eile, ar iarratas oifigiúil a fháil don eolas sin.

SEIRBHÍSÍ EILE

Seirbhís Cóipchirt OÉ

"Soláthróidh foilsitheoir leabhair ar bith ... foilsithe sa Stát, laistigh d'aon bhliain amháin, ar a chostas nó ar a costas féin ... ceithre chóip den leabhar do nó faoi réir theoracha an údarais a bhfuil smacht aige ar Ollscoil na hÉireann le húsáid i gceithre comh-ollscoileanna na hOllscoile sin." (An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000, 198 (1))

Admhóidh OÉ go bhfuarthas aon ábhar cóipchirt agus déanfaidh é a dháileadh faoi réir i measc na gceithre Comh-Ollscoileanna saor in aisce.

Foilseacháin – Díolacháin

Foilsíonn OÉ réimse bheag de leabhair agus de phaimfléid atá ar díol. Ina measc seo beidh na leabhair foilsithe is déanaí agus na himleabhair rialta ar nós Féilire OÉ agus *Éigse A Journal of Irish Studies*.

Áiseanna ag 49 Cearnóg Mhuirfean

Tá na seomraí cuinnithe in OÉ ar fáil mar acmhainn sa phríomhchathair do Chomh-Ollscoileanna agus do Choláistí Aitheanta OÉ.

Tá trí sheomra ar fáil: Seomra Phelan, Seomra an Bhoird agus Seomra na mBilléardaí. Tá Seomraí Phelan agus an Bhoird oiriúnach do chruinnithe, seoltaí nó seimineáir bheaga. Tá Seomra na mBilléardaí oiriúnach do chruinnithe suas go 12 duine, agus d'agallaimh nó *viva*.

Le haghaidh sonraí maidir le ceann ar bith de na seirbhísí thuas, déan teagmháil le OÉ nó féach ar www.nui.ie.

CAIBIDIL IX

GRADAIM AGUS BRONNTANAIS OÉ

GRADAIM agus BRONNTANIS OÉ

RÉAMHRÁ

Ó bunaíodh í sa bhliain 1908, bhí an t-ádh ar OÉ líon áirithe d'iontaobhais agus bronntanais fhlaithiúla a fháil. Infheistíodh na cistí seo, agus úsáidtear an t-ioncam astu chun Scoláireachtaí agus Duaiseanna a mhaoiniú.

Sa bhliain 1998, rinne an Seanad athbhreithniú ar pholasaí na hOllscoile agus, le comhairle ó shaineolaíthe, rinne athstruchtúrú ar phunann infheistíochtaí OÉ. Go dtí 2008 ghin an t-athrú ioncam breise i ngach ceann de chistí OÉ, le húsáid faoi réir mhianta bhronntóirí na hOllscoile agus chinntí an tSeanaid.

Bhí maoiniú breise ar fáil ó 1999 go 2008 do réimse leathan de ghradaim do mhic léinn, foireann agus céimithe Chomh-Ollscoileanna agus Choláistí Aitheanta OÉ. Ardaíodh luach na ngradam a bhí ann cheana, agus cruthaíodh Comhaltachtaí nua. Ina theannta sin, lean an Ollscoil – oná cuid acmhainní féin – de líon áirithe Staidéarachtaí agus Spáránachtaí a thairiscint le hiomaíocht i measc chéimithe na hOllscoile. Sa bhliain 2008, mar chómóradh ar chéad bliain na hOllscoile, cuireadh gradaim speisialta, lena n-áirítear trí Chomhaltachta Lar-Dhochtúra an Chéid and dhá Staidéarachtaí Taistil breise ar fáil agus sa bhliain sin bhí luach de bhreis ar €1.2m ar luach iomlán na ngradam OÉ.

Tá an Seanad sásta gur féidir leis, trí na gradaim seo, príomhspricanna na hOllscoile a chur chun cinn mar institúid foghlama tiomanta do:

- scoláireacht agus taighde a shaibhriú,
- eolas a chur chun cinn agus a thabhairt,
- forbairt chultúrtha a chur chun cinn, ach go háirithe teanga agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn,
- tóir ar chomhionannas deiseanna oideachais.

GRADAIM Á dTAIRISCINT I 2008

Gradaim an Chéid 2008

Mar chómóradh ar chéad bliain na hOllscoile, chuir OÉ roinnt gradaim speisialta ar fáil i 2008, mar seo a leanas:

- Trí Chomhaltacht Lar-Dhochtúra an Chéid i Léinn na hÉireann
- Duais an Chéid OÉ do Stair na hÉireann
- Duaiseanna an Chéid OÉ d'Fhoilseoireacht Acadúil i:
Teangacha, Litríocht agus Teangeolaíocht
Eolaíochtaí Leighis agus Sláinte.

Comhaltacht larchéime 2008 (€51,000 iníochta i ngálaí thar dhá bhliain)

Bunaíodh Comhaltacht larchéime OÉ Edward J Phelan sa Dlí Idirnáisiúnta mar thoradh ar thiomnacht ón Uas. Edward J. nach maireann agus Bean Ferdane Phelan. Bhí an tUas. Phelan ina Stiúrthóir ar an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair agus é freisin ina Chéimí Oinigh ar OÉ (LLD, 1944). Cuirtear an Chomhaltacht ar fáil gach ré-bhliain.

Gradaim larchéime 2008

Staidéarachtaí Taistil (€42,000 iníochta i ngálaí thar trí bliana)

Tugadh Scéim na Staidéarachtaí Taistil isteach sa bhliain 1910 agus ó shin i leith bronnadh Staidéarachtaí Taistil in aghaidh na bliana in ábhair éagsúla. Roinntear na Staidéarachtaí Taistil idir ábhair sna Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta, agus sna hEolaíochtaí.

Tá Staidéarachtaí Taistil sna Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta ar oscailt d'íomaíocht i measc chéimithe sna hEalaíona, Eolaíochtaí Daonna, Tráchtáil lena n-áirítear Gnó, agus Dlí. Tá Staidéarachtaí Taistil sna hEolaíochtaí ar oscailt d'íomaíocht i measc chéimithe sna brainsí uilig de na hEolaíochtaí.

Ar fáil i 2008:

Sé Staidéarachtaí Taistil sna Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta

Cúig Staidéarachtaí Taistil sna hEolaíochtaí

Sparánachtaí OÉ

Tugadh Sparánachtaí OÉ isteach sa bhliain 1930, arna mhaoiniú ag an Ollscoil óna hacmhainní féin. Ón bhliain 2005 amach, tá Scéim na Sparánachtaí comhtháite le Scéim na Staidéarachtaí Taistil.

Is é Céad Onóracha an caighdeán atá de dhíth do Staidéarachtaí Taistil agus, roimhe seo, Sparánachtaí.

(Tá liostaí de bhuaiteoirí go léir in Aguisíní 6 agus 7.)

Scoláireacht an Dr Mary L Thornton san Oideachas (€5,000)

Scoláireacht bhliantúil san Oideachas is ea í seo, arna mhaoiniú ag tiomnacht ón Dr Mary L Thornton, nach maireann. Ar oscailt do chéimthe OÉ, tá sé i gceist ag an Scoláireacht taighde iarchéime a chothú i réimse an oideachais. Ba mhian le OÉ, tríd an Scoláireacht, taighde a chothú maidir le hardoideachas in Éirinn agus, dá bhrí sin, tabharfar tús áite d'iarraitais sa réimse seo. Mar sin féin, glacfar le hiarratais maidir le tionscnaimh i réimse ar bith de thaighde oideachais.

Scoláireachtaí agus Duaiseanna Denis Phelan (luach iomlán thart ar €14,000)

Bunaíodh Scoláireachtaí agus Duaiseanna Denis Phelan sa bhliain 2003 agus tá siad á mhaoiniú ag Déantóirí Róbaí OÉ, Phelan Conan Associates. Bronntar na gradaim in aghaidh na bliana agus iad oscailte do chomórtais i measc na mac léinn a fhaigheann na marcanna is airde sna scrúduithe bunchéime cuí. Ón bhliain 2006 ar aghaidh, cinnfidh an Seanad réimse na n-ábhar in aghaidh na bliana, agus beidh iarrthóirí dos na scrúduithe cuí sna Comh-Ollscoileanna agus sna Coláistí Aitheanta incháilithe go huathoibríoch.

Ábhair 2008:

- Eolaíochtaí Beatha agus an Chomhshaoil
- Eolaíochtaí Fisiciúla
- Tráchtáil

Duais Ealaíona agus Deartha OÉ ag CNED (€2,500)

Cuirtear an Duais seo ar fáil in aghaidh an bliana do shaothar chéimí de chuid CNED a bhain ardchaighdeán amach sa Mhínealaín nó sa Dearadh. Duais ceannaithe atá ann agus glacann OÉ seilbh ar an saothar. Beidh mic léinn sa bhliain deiridh BA agus MA i CNED incháilithe sa ghnáthchúrsa do mheasúnú don Duais.

Scoláireachtaí agus Duaiseanna Chiste Theach an Ardmhéara

(i) Scoláireacht agus Duais Chiste Theach an Ardmhéara sa Ghaeilge (€2,000 agus €1,300)

(ii) Scoláireacht agus Duais Chiste Theach an Ardmhéara i Stair na hÉireann (€2,000 agus €1,300)

Tá Ciste Theach an Ardmhéara ann le 'staidéar ar Theanga, Litríocht agus Stair na hÉireann' a chothú. Bhí soláthar i scéim na Scoláireachta, a d'oibrigh faoi Chiste Theach an Ardmhéara le blianta fada, do Scoláireacht agus Duais, sa Ghaeilge. Agus athbheithniú déanta ar an scéim méadaíodh ar luach na Scoláireachta agus na Duaise araon ó 1999 i leith agus freisin, tugadh isteach Scoláireacht agus Duais i Stair na hÉireann.

Scoláireachtaí Pierce Malone

Bunaíodh na scoláireachtaí seo, atá ann le fada agus a bhronntar in aghaidh na bliana, le tiomnacht £1,425 ó Pierce Malone, innealtóir ar scor ó Bhaile Phib, Baile Átha Cliath (a Uacht dar dáta an 19 Eanáir 1909). Ba é cuspóir soiléir na tiomnachta ná scoláireacht a bhunú san ollscoil nua i mBaile Átha Cliath. Socraíodh Scéim Ard-Chúirte chun an tiomnacht a riaradh ar an 8 Márta 1913 ag soláthar do bhunú scoláireachta san Innealtóireacht agus san Eolaíocht Mheabhrach agus Mhórála (Fealsúnacht anois). Tar éis don Seanad athbheithniú a dhéanamh sa bhliain 2002, cinneadh ar luach na scoláireachtaí a mhéadú ó chistí OÉ.

Innealtóireacht (€2,000)

Bronnfar an Scoláireacht i gcomhar le Staidéarachtaí Taistil OÉ sna hEolaíochtaí. Bronnfar an Scoláireacht ar chéimí san Innealtóireacht agus ar mholadh an Phainéil Agallaimh dos na

Staidéarachtaí Taistil seo.

Fealsúnacht (€2,000)

Beidh bronnadh na Scoláireachta bunaithe ar chorpas an tsaothair scríofa a chuirtear i láthair ag an mac léinn is fearr (mar a chineann Ceann na Roinne/Scoile Fealsúnachta agus an Scrúdaitheoir Seachtrach), don scrúdú céime BA i ngach ceann de na Comh-Ollscoileanna OÉ. Beidh mic léinn céime san Fhealsúnacht i ngach ceann de na Comh-Ollscoileanna incháilithe sa ghnáthchúrsa do mheasúnú don Scoláireacht seo. Cinnfidh an Scrúdaitheoir Seachtrach speisialta ar bhronnadh na Scoláireachta agus aighneachtaí Chomh-Ollscoileanna OÉ uilig measta.

Boinn agus Duaiseanna OÉ Rialtas na Fraince do Chumas sa Fhraincis

Sa bhliain 1926, bhronn Rialtas na Fraince Bonn ar an Ollscoil le bronnadh sa bhliain sin do chumas sa Fhraincis, le bronnadh maidir leis an Scrúdú do Chéim BA (Onóracha), ar mhholadh ón Scrúdaitheoir Seachtrach. Cuireadh an Bonn ar fáil in aghaidh na bliana go dtí 1956, nuair a chuir Rialtas na Fraince trí Bhonn ar fáil do chomórtas i measc na mac léinn sna Comh-Choláistí a bhí ann ag an am sin. Sa bhliain 1962, cuireadh ceathrú Bonn ar fáil, le bronnadh sa Choláiste Aitheanta, Coláiste Phádraig, Má Nuad. Anois bronntar na Boinn in aghaidh na bliana i ngach ceann de Chomh-Ollscoileanna OÉ. Leanann na gradaim de bheith bunaithe ar thorthaí na scrúduithe Céime Onóracha BA agus freisin, nuair a bhaineann, na Scrúduithe BCL Idirnáisiúnta agus BComm Idirnáisiúnta/Eorpach sna Comh-Ollscoileanna. Cinnfidh Scrúdaitheoir Seachtrach aontaithe buaiteoirí na mBonn. Ní féidir na Boinn a bhronnadh ar mhic léinn a bhfuil an Fhraincis mar theanga dúchais acu.

Freisin, bronann OÉ duais airgid ar ghach ceann de na buaiteoirí.

Gradaim Fhochéime 2008

Is é seo a leanas réimse na ngradam atá ar fáil d'fhochéimithe:

Scoláireachtaí Dr Henry Hutchinson Stewart

Rugadh an Dr Henry Hutchinson Stewart, mac le ministir, i gCill Mhantáin i 1799. Sa bhliain 1829 bhain sé Ceadúnas Choláiste Ríoga Máinlianna na hÉireann amach, agus MD Dhún Éideann. Go luath ina shlí beatha leighis rinne sé speisialú i gcóiríocht do mheabharghalar agus bhunaigh sé teach na ngeallt i Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath. Ní raibh sé seo feiliúnach do líon na ndaoine a bhí ag iarraidh dul isteach agus, sa bhliain 1873, bhog sé go teach eile i mBaile Phámair áit ar bhunaigh sé an Stewart Institution. Tá Ospidéal Stewart's anois ann go mór mór mar thoradh ar mhaoiniú a chuir an Dr Henry Hutchinson Stewart ar fáil ar dtús. Sa bhliain 1888 fuair Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Ríoga na hÉireann tiomnacht ó eastát an Dr Henry Hutchinson Stewart, chun Scoláireachtaí Leighis agus Litríochta a bhunú.

Nuair a cuireadh an Ollscoil Ríoga ar ceal, roinneadh a sciar den lontaobhas go cothrom idir Ollscoil na Ríona, Béal Feirste agus Ollscoil na hÉireann. Tá an t-lontaobhas á riaradh ag tríúr lontaobhach (mar ionadaithe ar na faighteoirí faoi seach), duine amháin ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, duine amháin ó Ollscoil na Ríona, Béal Feirste agus duine amháin ó Ollscoil na hÉireann. Faoi réir choinníollacha an iontaobhais tá soláthar ann freisin go gcuirtear dhá thrian den ioncam chun scoláireachtaí leighis a sholáthar agus trian amháin chun scoláireachtaí litríochta a sholáthar. Dáiltear ioncam an lontaobhais ar an hOllscoileanna sna coibhnis seo a leanas: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, leath; Ollscoil na Ríona, Béal Feirste agus Ollscoil na hÉireann, ceathrú an ceann.

Go dtí 1998, bhí ceithre Scoláireacht Leighis agus dhá Scoláireacht Litríochta ann. Deineadh athstruchtúr ar an Scéim sa bhliain sin agus méadaíodh ar líon na Scoláireachtaí. Anois tá seacht Scoláireacht Litríochta ann agus seacht Scoláireacht déag Leighis ann. Mhéadaigh luach na Scoláireachtaí freisin, agus tá soláthar déanta do dhara duais, agus sa chuid is mó de chásanna, tríú duais sna hábhair Scoláireachta.

Scoláireachtaí Litríochta Dr Henry Hutchinson Stewart

Sa bhliain 2008, bronnadh scoláireacht de €2,300, agus dara agus tríú duais de €1,200 agus €560, faoi seach, i ngach ceann de na hábhair seo a leanas:

- Béarla
- Fraincis
- Gearmáinis
- Gaeilge
- Iodáilis
- Laidin

- Spáinnis

Tá na gradaim seo bunaithe ar thorthaí i Scrúduithe na Céad Bliana sna hEalaíona agus, (nuair is ionainn cúrsa agus scrúduithe leis an gCéad Bhliain Ealaíona), Scrúduithe na Céad Bliana sa Tráchtáil Idirnáisiúnta sna hábhair sin sna Comh-Ollscoileanna. Cinnfidh Scrúdaitheoir Seachtrach aontaithe do ghach ábhar, a dhéanfaidh machnamh ar ábhar scrúdaithe roghnaithe na mac léinn a fhaigheann na marcanna is airde sna hábhair sin i ngach ceann de na Comh-Ollscoileanna, buaiteoirí na Scoláireachtaí agus na nDuaiseanna. Tá mic léinn sa Chéad Bhliain Ealaíona agus sa Chéad Bhliain sa Tráchtáil Idirnáisiúnta incháilithe sa gnáthchúrsa do mheasúnú dos na Scoláireachtaí agus Duaiseanna seo.

Scoláireachtaí Leighis Dr Henry Hutchinson Stewart

Sa bhliain 2008 bronnadh scoláireacht de €2,300, agus dara agus tríú duais de €1,200 agus €560, faoi seach, i ngach ceann de na hábhair seo a leanas ach amháin Fiaclóireacht, Íomháu Diagnóiseach agus Físíteiripe nach bhfuil tríú duais ann dóibh:

- Anatamaíocht
- Bithcheimic
- Fiaclóireacht
- Íomháu Diagnóiseach
- Cleachtadh Ginearálta
- Ginéiceolaíocht & Cnámhseachas
- Leigheas Micribhitheolaíochta
- Leigheas
- Altranas
- Péidiatrac
- Paiteolaíocht
- Cogaseolaíocht
- Fiseolaíocht
- Físíteiripe
- Síciatracht
- Sláinte Phoiblí
- Máinliacht

Tá na gradaim seo bunaithe ar thorthaí na Scrúduithe sna hábhair cuí i nDámhanna Leighis agus Eolaíochtaí Sláinte na gComh-Ollscoileanna agus Choláiste Ríoga Máinlianna na hÉireann agus freisin, i gcás Altranais, sa Roinn Altranais, Coláiste Oideachais San Aingeal, Sligeach. San Altranas, bronnfar an Scoláireacht ar thorthaí na scrúduithe céime san Altranas; bronnfar an Chéad agus an Dara Duais ar thorthaí an Dioplóma san Altranas. Cinneann Scrúdaitheoir Seachtrach aontaithe, a dhéanfaidh machnamh ar ábhar scrúdaithe roghnaithe na mac léinn hábhair sin i ngach ceann de na Comh-Ollscoileanna agus Coláistí Aitheanta a bhaineann, buaiteoirí na Scoláireachta i ngach ábhar. Beidh mic léinn i nDámhanna Leighis agus Eolaíochtaí Sláinte agus Altranas agus na Scoileann/Ranna Altranais i ngach ceann de na Comh-Ollscoileanna, CRMÉ agus Coláiste Oideachais San Aingeal, Sligeach, incháilithe sa gnáthchúrsa do mheasúnú dos na Scoláireachtaí seo.

Scoláireacht Chumann OÉ Londain (€2,000)

Ar an 14 Feabhra 1929 bunaíodh cumann proinne do chéimithe Ollscoil na hÉireann (agus Ollscoil Ríoga na hÉireann san áireamh) go foirmiúil ag dinnéar i mBialann Frascati's i Londain agus, dhá bhliain ina dhiaidh sin bhig an cumann isteach i seomraí gan troscán ag 91 Ascall Shaftsbury. I Samhain na bliana 1931 thug Seanad OÉ deontas de £150 chun cuidiú le troscán tosaigh sa Chumann, a bhog go 13A Lower Grosvenor Place i 1935. Bhí sé de chuspóir ag an gcumann ionad a chur ar fáil i Londain do chéimithe Éireannacha – 'a home from home for young graduates, where they could meet people of their own kind with an Irish outlook'. Mhair an t-ionad tábhachtach seo de chuid Ollscoil na hÉireann le linn an chogaidh agus ina dhiaidh. Sa bhliain 1949 thosaigh an tOllamh H St John Atkins, Uachtarán Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, an scéim, arna mhaoiniú ag Seanad OÉ agus ar uainíocht le blianaí fada, inar shocraigh gach ceann de Chomh-Ollscoileanna OÉ léachtaí dhá uair sa bhliain le tabhairt ag comhaltaí dá fhoireann acadúil do chomhaltaí Chumann OÉ, Londain. Ó na 1930í go dtí an dara cuid den fichiú céad bhí rath ar an gCumann mar fhócas sóisialta agus cultúrtha do chéimithe OÉ i Londain.

Ag cruinniú den Chumann OÉ, Londain i Samhain na bliana 2003 – ag aithint go raibh titim rialta i

mballaíocht an Chumann le cúig bliana déag anuas - ghlac na comhaltaí le moladh ó Uachtarán an Chumann, Michael McCormack, Uas., go ndéanfaí an Cumann a dhúnadh agus a shócmhainní a thairiscint mar bhronntanas d'Ollscoil na hÉireann chun Scoláireacht Chuimhneacháin Chumann OÉ Londain a bhunú.

Ag cruinniú in Eanáir na bliana 2004 chuir Seanad OÉ fáilte roimh an mbronntanas flaitiúil ó Chumann OÉ Londain agus ghlac le moladh Chláraitheoir OÉ go mbainfí úsáid as an tiomnacht chun Ciste a bhunú ('Ciste Chumann OÉ Londain') chun ioncam bliantúil a thabhairt do scoláireacht chuimheacháin, ar a dtabharfaí 'Scoláireacht Chumann OÉ Londain', faoi réir rialachán agus modhanna le cinneadh ag an Seanad, ó am go ham. Cuirfean an Scoláireacht nua seo, le tabhairt isteach don chéad uair i 2004-05, ar fáil do chomórtas i measc na mac léinn cláraithe i nDámh na Fiaclóireachta sa bhliain tosaigh agus, ina dhiaidh sin, i nDámhanna eile mar a chinnfidh an Seanad.

Gradaim Thiomnacht O'Brien

Rugadh an Dr Daniel P. O'Brien sa bhliain 1872 i gCréicín, An Tulach, Co Ceatharlach, agus, mar mhac léinn i gClarscoil Naomh Pádraig, An Tulach, ghnóthaigh sé an máithreánach in Ollscoil Ríoga na hÉireann sa bhliain 1890. Agus a chuid staidéir leighis críochnaithe aige i Scoil Leighis na hOllscoile Caitlicigh, Sráid Cecilia, Baile Átha Cliath, bhain sé na cáilíochtaí LRCP & SI amach i 1895 agus Comhaltacht Choláiste Ríoga na Máinlianna sa bhliain 1897. Bhí sé ar fhoireann Ospidéal Naomh Uinsinn, Baile Átha Cliath ar feadh tréimhse. Níos déanaí, sa bhliain 1911, fuair sé pas i scrúduithe Chéimeanna MB BCh BAO Ollscoil na hÉireann. Bhí sé i gcleachtadh gníomhach i Rockhampton san Astráil do bheagnach daichead bliain. Ar a bhás i 1947 d'fhág an Dr. O'Brien tiomnacht de £3,320 d'Ollscoil na hÉireann.

Gradaim OÉ maoinithe ag Scéim Thiomnacht O'Brien

(i) Scéim Ghradaim OÉ do Mhic Léinn faoi Mhíchumas

Faoin Scéim seo, atá i bhfeidhm ó 1981 i leith, cuirtear gradaim le luach iomlán de €11,000 ar fáil do mhic léinn fochéime nuathagtha a atá faoi mhíchumais thromchúiseacha agus a bhfuil sé ar intinn acu cúrsaí bunchéime a leanúint in Ollscoil na hÉireann

(ii) Scéim Comhdheiseanna Oideachais

Tá líon áirithe de thionscnaimh curtha ar bun i ngach ceann de na Comh-Ollscoileanna chun comhionannas sóisialta níos feara a chothú in ardoideachas na hÉireann. Chun tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil dos na tionscnaimh seo, tá sé beartaithe ag an Seanad Scéim Comhdheiseanna Oideachais OÉ a thabhairt isteach, le luach €12,000. Tá €2,500 ar fáil i ngach bliain acadúil, i ngach Comh-Ollscoil, agus €2,000 i measc an gColáistí Aitheanta, chun cuidiú le mac léinn/mic léinn i ngátar eacnamaíochta, ar mholadh na gComh-Ollscoileanna.

Scéim Chiste Thomas Crawford Hayes

Rugadh Thomas Crawford Hayes, mac le Frederick W. Hayes, úinéir mhuilinn, i Seapatrik, Banbridge, Co. an Dúin ar an 18 Deireadh Fómhair, 1843. Chuaigh sé isteach i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i mí na Samhna 1861, mar mhac léinn sna hEalaíona. Ansin bhain sé Modhnóireacht Shinsearach agus Bonn Óir amach. Ina dhiaidh sin chuaigh sé go Londain, áit ar bhain sé cáilíocht sa Leigheas amach sa bhliain 1870, agus Ceadúnas Chumann na bPoiticeírí, Londain. Sa bhliain 1873 bhain sé Céimeanna MB, BCh Ollscoil Bhaile Átha Cliath, agus Céim MD dhá bhliain ina dhiaidh sin, agus sa bhliain 1889 deineadh Comhalta de Choláiste Ríoga na Lianna i Londain de. Chónaigh sé i Londain go dtí gur bhásaigh sé ar an 5 Aibreán, 1909. Sa bhliain 1922 bhronn Miss Isabelle Hayes £27,600 d'Ollscoil na hÉireann i gcuimhne ar a deartháir. Faoin scéim seo, faigheann gach ceann de cheithre Comh-Ollscoileanna OÉ deontas in aghaidh na bliana ó Chiste Thomas Crawford Hayes, le caitheamh sa réimse leathan de na hEolaíochtaí Bitheolaíochta, mar a chinneann na hlontaobhaigh ó am go ham.

Cistí Adam Boyd Simpson agus Eleanor Boyd

(i) Bhronn an Dr Adam Boyd Simpson ó Birmingham, a raibh an-suim aige sa Teanga Náisiúnta, aon trían dá Eastát Iarmharach ar an Ollscoil ar an gcoinníoll go raibh Gaeilge mar ábhar ríachtanach do Scrúdú Máithreánach na hOllscoile. Fuair an Ollscoil luach na Tiomnacha (£1,677) sa bhliain 1913.

(ii) Bhronn Mrs Eleanor Boyd stocanna agus scaranna éagsúla ar Ollscoil na hÉireann sa bhliain

1972. In Eanáir na bliana 1973 bhí luach £4,893 orthu seo.

Go dtí 1998, caitheadh ioncam na dTiomnachtaí ar fhoilsiú Irise ar Thaighde Éireannach ó am go ham. Ba é Lia Fáil an chéad iris, agus tháinig Éigse: A Journal of Irish Studies ina dhiaidh sin. Anois baintear úsáid as Scéim Foilseacháin OÉ le foilsiú Éigse a mhaoiniú.

Sa bhliain 1998, bhunaigh an Seanad Comhaltacht Iar-Dochtúra OÉ i Léann na Gaeilge/An Léann Ceilteach, de luach €80,000 faoi Chiste Adam Boyd Simpson agus Eleanor Boyd.

Scoláireachtaí Miss Julia M. Levins

Faoi réir théarmaí na tiomnachta bronnar dhá Scoláireacht in aghaidh na bliana ar mholadh an Uachtaráin i ngach ceann de na Comh-Ollscoileanna seo a leanas ar uainíocht:

- 2008 - Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
- 2009 - Ollscoil na hÉireann, Má Nuad
- 2010 - An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- 2011 - Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Is féidir na Scoláireachtaí, a bhfuil luach €253 orthu, a bhronnadh mar seo a leanas:

- ceann amháin d'aon duine atá, i dtuairim an Uachtaráin, incháilithe son ghradam laistigh de chaighdeáin fhorordaithe agus atá i ngátar airgeadais;
- an ceann eile do dhuine le cáilíochtaí den chineál céanna agus ar mhian leis leanúint dá staidéar roimh dhul le Sagartóireacht.

Ba chóir iarratais ar na Scoláireachtaí a dhéanamh le hUachtarán na hOllscoile ina bhfuil na Scoláireachtaí ar fáil.

Gradaim eile do Chéimithe

Bronntar roinnt gradaim OÉ gach ré-bhliain, murab ionainn agus in aghaidh na bliana, agus ní raibh said ar fáil i 2008: Comhaltachtaí Iar-Dhochtúra agus Duais Thaighde Stairiúil na hÉireann. Nuair atá siad ar fáil, tá siad ar oscailt do chomórtaas i measc chéimithe OÉ, sa bhaile nó tahr lear, faoi réir théarmaí agus coinníollacha.

Comhaltachtaí Iar-Dhochtúra

- Comhaltacht Iar-Dhochtúra OÉ sna Daonnachtaí
- Comhaltacht Iar-Dhochtúra OÉ sna hEolaíochtaí
- An Chomhaltacht Iar-Dhochtúra i Léann na Gaeilge/An Léann Ceilteach

Príomhchuspóir na gComhaltachtaí seo is ea tacú le mic léinn a bhfuil feabhas acadúil deimhnithe acu a gcuid taighde acadúil a chur chun cinn. Meastar i ngach cás, go gcuirfidh an taighde a dhéantar go mór le heolas ar fiú a fhoilsiú agus go gcuirfear le cultúr na foghlama sna Comh-Ollscoileanna.

Bhí na Comhaltachtaí á dtairiscint i 2007, agus luach €80,000 an ghradaim orthu, inioctha thar dhá bhliain.

Duais Thaighde Stairiúil na hÉireann

Tairgíodh an Duais chlúmhar seo gach ré-bhliain ó 1921 i leith. Bronntar an Duais don saothar is fearr ar Thaighde Stairiúil na hÉireann, a bhfuil an t-ábhar ann foilsithe don chéad uair ag mac léinn nó céimí d'Ollscoil na hÉireann. Caithfidh gur bunsaothar substaintiúil a bheidh sa saothar, a léiríonn taighde dhíreach ar thaid staire.

Sa bhliain 2007, bronnadh an Duais ar an Ollamh William J. Smyth, BA PhD (UCC) as *Map-making, Landscapes and Memory: A Geography of Colonial and Early Modern Ireland c. 1530-1750* foilsithe sa bhliain 2006 ag Cork University Press.

(Tá liosta de bhuaiteoirí Dhuais Thaighde Stairiúil na hÉireann, 1922 – 2008 in Aguisín 8.)

CAIBIDIL X

FOILSEACHÁIN OÉ

FOILSEACHÁIN OÉ

Scéim Foilseacháin OÉ

Tá sé de chuspóir ag Scéim Foilseacháin OÉ cothú agus spreagadh a thabhairt d'fhoilseacháin agus taighde scolártha ag foireann acadúil i gComh-Ollscoileanna agus Coláistí Aitheanta Ollscoil na hÉireann:

Deontais d'Fhoilseacháin Scolártha

Tá sé de thraidisiún ag an Ollscoil líon beag de chúnamh deontais a thabhairt in aghaidh na bliana d'fhoilseacháin scolártha ag foireann Chomh-Ollscoileanna OÉ, ar bhunús iarrtas aonair don Seanad. Tá an scéim faoinar deineadh na deontais seo leathnaithe agus méadaíodh leibhéal an mhaoinithe. Faoin scéim, cuirtear thart ar €40,000 ar fáil in aghaidh na bliana do dheontais aonair suas go €3,000.

Éigse A Journal of Irish Studies

Tá an iris seo foilsithe ag an Ollscoil ó 1938 i leith le cúnamh Thiomnacht Adam Boyd Simpson agus anois faightear maoiniú ó Scéim Foilseacháin OÉ.

Tá sé de rún ag *Éigse* raon leathan taighde a chothú i réimse teanga agus litríocht na Gaeilge. Cuireadh an-chuid de théacsanna nach raibh i gcló roimhe i bprós agus véarsaíocht ón tSean-Ghaeilge anuas go dtí an teanga nua, agus béalinsint san áireamh, i láthair ann.

Is minic go mbíonn áilt in *Éigse* freisin faoi ghramadach, foclóireacht, pailéagrafaíocht, meadaracht agus stair na teanga Gaeilge, chomh maith le réimse leathan d'ábhair liteartha na Gaeilge. Tá béim ar leith ann ar ghnéithe uilig den staidéar ar theanga agus litríocht na Nua-Ghaeilge. Cuirtear cuid de ghach inleabhar ar leataobh do Léirmheaseanna Leabhair scolártha agus déantar léirmheas ar na mórfhoilseacháin uilig sa Léann Teanga agus Litríocht na Gaeilge.

I measc na bhfoilseachán *Éigse* freisin tá Innéacs, Imleabhair I - XXXV (arna thiomsú ag Meidhbhín Ní Úrdail, 2006); *Léann Lámhscríbhinní Lobháin/The Louvain Manuscript Heritage* (Eagarthóirí, Pádraig A. Breatnach, Caoimhín Breathnach, Meidhbhín Ní Úrdail, 2007) agus dlúthdhiosca CD, Imleabhair I - XXXV agus Innéacs.

Is é an tOllamh P. A. Breatnach, Ollamh Sinsearach, Scoil an Léinn Ceiltigh, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath an t-eagarthóir ar *Éigse* faoi láthair.

Tá liosta iomlán d'fhoilseacháin *Éigse* ar fáil ó www.nui.ie/eigse.

Léachtaí O'Donnell

Rinne Charles James O'Donnell, a rugadh i dTír Chonaill agus a fuair a chuid oideachais i nGaillimh, soláthar ina uacht (1935) do thiomnacht do ghach ceann d'Ollscoileanna Oxford, na Breataine Bige, Dhún Éideann, Ollscoil na hÉireann agus Choláiste na Tríonóide, chun léacht bhliantúil a bhunú i ngach ceann de na hinstiúidí, agus go mbeadh tagairt ar leith ann i léachtaí OÉ do stair, ó 1641, na sean-teaghlach Éireannach. Tar éis bearna de bhreis agus deich mbliana, deineadh Léachtaí O'Donnell a athnuachan sa bhliain 1999 nuair a chinn an Seanad go dtabharfaí léacht bhliantúil, in uainíocht, i ngach ceann de Chomh-Ollscoileanna OÉ, agus go gcuirfí maoiniú ar fáil ó Scéim na bhFoilseachán chun na Léachtaí a fhoilsiú.

Chuir an tOllamh Mary Daly, Roinn na Staire, COBÁC an 33ú Léacht O'Donnell sa tsraith – 'The Irish State and The Diaspora' i láthair ar an 13 Samhain 2008, in Institiúid Clinton, COBÁC.

Is féidir cóipeanna de léachtaí O'Donnell foilsithe ag OÉ a fháil ón gCláráitheoir, Ollscoil na hÉireann, 49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

(Tá liosta de na léachtaí foilsithe sa tsraith ar fáil i *Aguisín 9*.)

Foilseacháin eile OÉ

Clár Sheanad Éireann

Séard atá i gClár Sheanad Éireann, a leasaítear in aghaidh na bliana, ná liosta d'ainmneacha, seoltaí agus cáilíochtaí na goéimithe OÉ atá i dteideal vóta a chaitheamh i dotghcháin Sheanad

Éireann (toghchall OÉ). Ní féidir Clár an tSeanaís a úsáid ach do chúiseanna toghcháin amháin. Tá Clár Eagraithe Sheanad Éireann ann ar féidir a úsáid do chúiseanna tráchtála. Tá an dá chlár ar fáil le ceannach. (Féach Caibidil Chapter V *ante*.)

Féilire OÉ

Foilsithe do ghach bliain. Clúdaíonn eagráin áirithe níos mó ná bliain amháin.

Leagann Féilire OÉ amach stair, struchtúr agus feidhmeanna Ollscoil na hÉireann. Ina theannta sin tugann an Féilire taifead do ghach bliain d'oifigigh na gComh-Ollscoileanna agus na gColáistí Aitheanta, ballraíocht agus cruinnithe an tSeanaid agus a fhochoistí. Déanann sé taifead ar chéimeanna dochtúra oinigh bronnta ag OÉ agus ag na Comh-Ollscoileanna, céimeanna dochtúra bronnta ar shaothar foilsithe, céimeanna PhD agus teidil na dtráchtas PhD. Cuimsíonn taifid staire iarchomhaltáí an tSeanaid, iar Leas- agus Leas-Leas-Sheansailéirí, ionadaithe tofa OÉ i Seanad Éireann ó 1938, agus faighteoirí uilig chéimeanna dochtúra oinigh.

Gradaim OÉ

Foilsithe ina aghaidh na bliana. Tugann an leabhrán seo (ar fáil go luath in Earrach na bliana bronnta) eolas ar réimse na ngradam OÉ do chomórtas i measc na mac léinn agus na gcéimithe ó Chomh-Ollscoileanna agus ó Choláistí Aitheanta OÉ don bhliain dár gcionn. Tugann sé cur síos ar na rialacháin agus na gnásanna a rialaíonn gach gradam atá ar fáil agus tugann sé liosta d'fhaighteoirí ghradaim na bliana roimhe sin. Sa bhliain 2008, ag Ocaíd Bhliantúil Ghradaim OÉ, bronnadh 113 gradam aonair ar mhic léinn agus céimithe ar fud na n-institiúidí OÉ uilig.

Riachtanais Iosta Iontrála Acadúla agus Clárúcháin (Máithreánach)

Foilsithe ina aghaidh na bliana. Miníonn an leabhrán seo, a leasaítear in aghaidh na bliana, gach gné de na riachtanais d'iontráil ar Chomh-Ollscoil nó ar Choláiste Aitheanta OÉ. Freisin, leagann sé amach sonraí ar na cáilíochtaí Eorpacha agus Idirnáisiúnta a nglactar leo do Mháithreánach, agus riachtanais Máithreánaigh OÉ dóibh siúd a bhfuil cáilíochtaí an Aontais Eorpach acu.

Foilseacháin an Chéid

***The National University of Ireland 1908-2008 Centenary Essays* (UCD Press, 2008)**

Ceiliúránn an leabhar seo Céad Bliain OÉ ag féachaint ar a bhunús san Ollscoil Ríoga, agus níos faide siar chuig Coláistí na Ríona, an Ollscoil Chaitliceach agus Coláiste Phádraig, Má Nuad. Scrúdaíonn grúpa clúiteach de scríbhneoirí an tionchair bhí ann mar bhunús, ach fo háirithe an ról a bhí ag gluaiseacht na Gaeilge agus an feachtas le mná a chur san áireamh; an gaol idir OÉ agus na Comh-Choláistí (Comh-Ollscoileanna le déanaí); cion na Seansailéirí. Cuimsíonn nithe eile ról an tSeanaid, an Cláraitheoir, na Coláistí Aitheanta agus na céimithe (Comhghairm).

***A Century of Scholarship - Travelling Students of the National University of Ireland* (NUI, 2008)**

Tugann an leabhar seo eolas cuimsitheach stairiúil – liostaí iomlána de na faighteoirí, na hábhair ina mbronndadh an Staidéarachta/Duais orthu agus blianta na ngradam. Rinneadh iarrachtaí fónta teagmháil a dhéanamh leis an líon is mó d'fhaighteoirí agus is féidir agus fuarthas thar ar 200 freagra. Ar an iomlán, is léiriú suntasach iad ar thábhacht Scéim na Staidéarachta Taistil agus ar a bhfuil baint amach ag na faighteoirí le céad bliain anuas. Freisin léiríonn an foilseachán seo gné fheidearálach Ollscoil na hÉireann toisc gur ionadaithe iad na mic léinn taistil ar na ceithre Comh-Ollscoileanna i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh agus Má Nuad.

CAIBIDIL XI

FEISTEAS ACADÚIL OÉ

FEISTEAS ACADÚIL OÉ

D'Ollscoil na hÉireann, os í an t-aon ollscoil fheidearálach in Éirinn, le campais lonnaithe i dtí chuíge, léiriú cumhachtach d'aitheantas na hOllscoile agus stair agus traidisiún a bhforas is ea an feisteas acadúil sainiúil a chaitear ag searmanais bronnta céime ar fud na gComh-Ollscoileanna agus na gColáistí Aitheanta.

In Eanáir na bliana 2000, ghlac an Seanad le Cód leasaithe d'Fheisteas Acadúil, struchtúrtha chun an méadú i réimse agus ilghnéitheacht na gcéimeanna OÉ a chur san áireamh, agus chun soláthar cuí a dhéanamh d'Ard-Teastais, Diplómaí agus Teastais OÉ. Faoi réir an Chóid leasaithe, fanann na gúnaí do chéimeanna Baitsiléara, Máistreachta agus Dochtúireachta mar a bhí, agus tá gúna nua tugtha isteach do Dhiplómaí agus Teastais OÉ.

Dathanna Dáimhe/Choláiste

<i>Ealaíona</i>	Bán
<i>Ceol</i>	Coiréalach
<i>Fealsúnacht</i>	Marúin
<i>Léann Ceilteach</i>	Cróch
<i>Eolaíochtaí Daonna, Eolaíocht Shóisialta</i>	Osbhúí
<i>Eolaíocht</i>	Gorm Phádraig
<i>Agrabhia agus an Comhshaol</i>	Glas Éadrom
<i>Tráchtáil</i>	Sú Talún
<i>Innealtóireacht</i>	Terra Cotta
<i>Ailtireacht</i>	Órga
<i>Eolaíocht & Teicneolaíocht an Bhia</i>	Oráiste
<i>Dlí</i>	Prúna
<i>Leigheas agus Eolaíochtaí Sláinte</i>	Scarlóideach
<i>Fiaclóireacht</i>	Liath-airgead
<i>Cógaisíocht</i>	Coracrdhearg
<i>Altranas</i>	Liológ
<i>Tréidliacht</i>	Gorm Ceilteach
<i>Idirdhámh/Idirdhisciplíneach</i>	Dubh

Do shonraí iomlána ar Fheisteas Acadúil OÉ, féach an leabhrán a foilsíodh sa bhliain 2006: *NUJ Academic Dress*.

Déantóirí Róbaí OÉ

Is iad na Déantóirí Róbaí ceaptha ag an Seanad ná:

- Phelan Conan Limited, Baile Átha Cliath
- McGinley & Co Ltd, Corcaigh (do C.O.C.)